

2024



# Ag Obair le Chéile

## *Working Together*



# Clár na nÁbhar

## Réamhrá | Ich 1

Réamhrá | Ich 1

An dea-chleachtas chun droch-iompar a chosc | Ich 2

## Gnás 1: Deacrachtaí Caidrimh Foirne | Ich 4

Gnás chun dul i ngleic le deacrachtaí caidrimh foirne | Ich 4

Achoimre | Ich 8

Teimpléad 1A: Gnás maidir le caidreamh foirne: Toradh ó Chéim 1 | Ich 9

Teimpléad 1B: Gnás maidir le caidreamh foirne: Toradh ó Chéim 2 | Ich 10

Teimpléad 1C: Comhaontú idirghabhála | Ich 11

## Gnás 2: Bulaíocht agus Ciapadh | Ich 12

Gnás chun dul i ngleic le bulaíocht/ciapadh i measc daoine fásta | Ich 12

Achoimre | Ich 21

Teimpléad 2A: An toradh a thairgeadh i gCéim 2 den Ghnás um Bulaíocht agus Ciapadh | Ich 22

Teimpléad 2B: Comhaontú idirghabhála | Ich 23

Teimpléad 2C: Achomharc i gcoinne phróiseas an imscrúdaithe | Ich 24

Teimpléad 2D: Fógra a thabhairt don fhiosraitheoir/do na fiosraitheoirí maidir leis an achomharc | Ich 25

## Gnás 3: Casaoid | Ich 26

Gnás Casaoide | Ich 26

Achoimre | Ich 31

## Teagmhálaithe | Ich 32

# Réamhrá

*Is san ionad oibre/ar scoil a chaitheann an mhórchuid againn cuid mhaith dár saol. Gné lárnach dár gcuid oibre agus folláine ná dea-chaidrimh ghairmiúla idirphearsanta a spreagadh agus a chothú. D'aithin Comhlachtaí Bainistíochta na mBunscoileanna agus Cumann Múinteoirí Éireann an méid sin in 2000 nuair a shocraigh siad cnuasach gnás sa doiciméad *Ag Obair le Chéile d'fhonn go mbeifí in ann achrainn inmheánacha foirne a réiteach*.*

Tá mé féin i mo chathaoirleach le dhá bhliain anuas (2022-2024) ar mheitheal ar a bhfuil ionadaithe ó Chumann Múinteoirí Éireann agus ó Chumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, iad ag gníomhú thar a gceann féin agus thar ceann grúpaí bainistíochta bunscoileanna eile\*. Ba é ba chuspóir don mheitheal athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoilseachán *Ag Obair le Chéile* i bhfianaise thaithi na múinteoirí agus lucht bainistíochta leis na gnásanna agus chun bheith ag teacht le forbairtí sa réimse seo i mbeartas agus reachtaíocht náisiúnta. Tá ár saothar curtha i gcrích againn anois agus is cúis sonais dom an t-eagrán nua den téacs seo a chur os bhur gcomhair: *Ag Obair Le Chéile, 2024*.

Mar achoimre, san eagrán seo den téacs *Ag Obair Le Chéile, 2024*:

- Cuirtear béim ar an tábhacht a bhaineann le cultúr dearfach agus comhar san ionad oibre bunaithe ar mheas gairmiúil ar phoist, ar ról agus ar fhreagrachtaí a chéile.
- Cuirtear an dea-chleachtas chun cinn le go ndéanfar forbairt nó géarú achrainn inmheánach foirne a chosc.
- Leagtar amach gnásanna chun dul i ngleic le hachrainn foirne a bhfuil prionsabail gnásanna cothroma iontu agus a bhfuil cur chuige céimneach ag baint leo. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le céimeanna neamhfhoirmiúla ar dtús le fadhbanna a réiteach sula leantar ar aghaidh chuig céimeanna foirmiúla in aon ghnás.
- Moltar go láidir do Bhoird Bhainistíochta agus do mhúinteoirí glacadh go foirmiúil leis an bhfoilseachán nua seo *Ag Obair Le Chéile, 2024*, agus é a phlé. Mar sin, déanfar a chinntiú gurb eol do dhaoine nach nglacfar le haon chineál bulaíochta ná ciaptha agus go léireofar meas ar dhínit an duine.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis na baill den mheitheal chomhpháirteach as an bhfuinneamh, an dúthracht agus an modh cuiditheach oibre a léirigh siad agus an cháipéis nua seo *Working Together 2024– Ag Obair Le Chéile* á dréachtú againn. Tá súil agam go mbeidh an méid atá sa cháipéis áisiúil agus praiticiúil do Bhoird Bhainistíochta agus do mhúinteoirí má chaithfear aon ghnás a gairt nó fiú mura gcaithfear.

Is mise, le meas,

**Anne McElduff**

B.Oid., LLB, BL

Cathaoirleach na Meithle



\*Na comhlachtaí bainistíochta deonacha a raibh baint acu leis an doiciméad seo a ullmhú: Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Foghlaim le Chéile, an Foras Pátrúnachta, Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta don Oideachas Speisialta agus Bord Bunoideachais na Moslamach.

# An dea-chleachtas chun droch-iompar a chosc

*Má táimid le hionad oibre dearfach comhoibríoch a chur chun cinn, é bunaithe ar mheas gairmiúil, beidh sé sin ag brath den chuid is mó ar gach páirtí leis an dea-chleachtas a chur i ngníomh i rith an ama – an fhoireann, an Príomhoide, ceannairí scoile agus an Bord Bainistíochta. Tá Cumann Múinteoirí Éireann agus Comhlachtaí Bainistíochta na mBunscoileanna Deonacha tar éis an treoir phraiticiúil seo a chomhaontú leis an dea-chleachtas a chur chun cinn agus sa dóigh is nach dtiocfaidh achrainn foirne chun cinn:*

- **Freagracht Phearsanta:** Tá freagracht ar gach ball foirne é féin a iompar go gairmiúil, cúirtéis agus meas a léiriú ar a gcomhghleacaithe agus gan dul i mbun iompar do-ghlactha. Ba cheart do dhaoine a bheith eolach agus faireach faoina n-iompar féin agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an iompar sin ar dhaoine eile. Ba chóir do mhúinteoirí agus don Bhainistíocht cúirtéis ghairmiúil agus meas gairmiúil a léiriú ar a chéile agus tá amhlaidh tuilte acu. Tá sé de cheart acu sin orthu féin. Ba chóir iarracht leanúnach a dhéanamh le caidreamh dearfach a chothú. Tá sé de dhualgas ar gach múinteoir agus ar gach ball den Bhord Bainistíochta cultúr a chur chun cinn a mbíonn caidreamh dearfach oibre ann.
- **Meas ar Róil agus Freagrachtaí Éagsúla:** Ba chóir go mbeadh meas ag múinteoirí agus ag an mBainistíocht ar éagsúlacht na ndualgas agus na bhfreagrachtaí ar dhaoine éagsúla i scoil. Ina leith seo, beidh difear ann idir an t-údarás cinnteoireachta agus na dualgais a bheidh ar pháirtithe, ag brath ar an ról atá acu. Mar shampla, ní hionann na hoibleagáidí ar an údarás cinnteoireachta agus ar an mBord Bainistíochta, ar an gCathaoirleach ná ar an bPríomh-Oide agus na dualgais ar an bPríomhoide Cúnta nó múinteoir ranga. Taobh istigh den chreat sin, caithfidh gach múinteoir a bheith toilteanach a c(h)uid oibre a dhéanamh i gcomhar lena c(h)omhghleacaithe agus de réir struchtúir bhainistíochta agus cheannaireachta na scoile.
- **Na Gnásanna a Ghlacadh go foirmiúil:** Moltar go láidir gur chóir do bhoird bhainistíochta glacadh go foirmiúil leis an gcáipéis Working Together 2024 – Ag Obair le Chéile, gur cheart múinteoirí a chur ar an eolas faoi agus é a phlé i gcrúinníú foirne uair sa bhliain ar a laghad. Mar sin, déanfar feasacht ar an dea-chleachtas agus ar na gnásanna a fhorbairt. Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta agus don Phríomhoide a chur in iúl go soiléir nach nglacfar le haon chineál bulaíochta ná ciaptha agus gur gá meas a léiriú ar dhínt an duine. I dtaca leis an méid sin, ba cheart do Bhoird Bhainistíochta, Príomhoidí agus foirne bainistíochta ionscoile a dheimhniú go ndéanfar caighdeán iompair a chur i bhfeidhm go cothrom agus go comhsheasmhach, go rachfar i ngleic le hiompar do-ghlactha agus nach n-imreofar leatrom orthu siúd a dhéanfaidh iompar mar sin a thuairisciú. Tá seans ann go mbeadh fonn ar fhoirne scoileanna na gnásanna seo a chur i bhfeidhm i measc baill foirne nach múinteoirí iad má bhíonn gach páirtí sásta é sin a dhéanamh.
- **Cumarsáid Éifeachtach:** Ba chóir cumarsáid rialta, fhollasach agus oscailte a spreagadh. Mar chuid den phróiseas, tá seans ann go mbeadh baill foirne ag iarraidh ceisteanna a ardú lena chéile nó leis an bPríomhoide/lucht bainistíochta, de réir mar is cuí. Ba cheart go mbeadh gach páirtí sásta cluas a thabhairt do thuairimí daoine eile agus freagra fiúntach a thabhairt ar aon cheisteanna a thiocfadh aníos. Próiseas dhá threo atá sa chumarsáid. Tá sé tábhachtach éisteacht le tuairimí éagsúla, meas a léiriú orthu agus freagra a thabhairt orthu ar bhealach atá cuí agus réasúnta. Ba cheart cruinnithe foirne rialta a thionól (ceann sa téarma ar a laghad), na baill foirne a chur go hiomlán ar an eolas faoin gclár oibre roimh ré agus faille a thabhairt dóibh míreanna plé a chur isteach. Ba cheart cruinnithe foirne a reáchtáil ar bhealach atá oscailte, tairbheach agus gairmiúil. Moltar deis a thabhairt do dhaoine éagsúla cathaoirleacht a dhéanamh ar na cruinnithe. Ba cheart a bheith soiléir maidir leis na ceisteanna a phléitear, na cinntí a dhéantar, más ann dóibh, agus aon bhearta a eascraíonn as cruinniú má dhéantar a leithéid a shocrú. Ba cheart taifead a choinneáil i miontuairiscí an chruinnithe ar na cinntí a dhéantar ann agus ar aon bheart leantach is gá a dhéanamh. Ba cheart na miontuairiscí a ghlacadh mar chuid den chéad chruinniú foirne eile ansin. Lena chois sin, is tábhachtach eolas cuí a scaipeadh go rialta ar bhealach éifeachtach. Cuidiú atá ina leithéid le nach mbeidh baill foirne ag brath go bhfuil siad aonarach ná coinnithe amach ó ghníomhaíochtaí na scoile.
- **Cinnteoireacht Éifeachtach:** Tá an chinnteoireacht thar a bheith tábhachtach má tá rath le bheith ar an obair. Tá sé riachtanach go mbeidh próisis éifeachtacha thrédhearcacha ann le cinntí a dhéanamh má táthar le dea-chaidrimh oibre a chothú. Féadfaidh baill foirne a gcuid próiseas le cinntí a dhéanamh a mheas, a phlé agus, más cuí, athbhreithniú a dhéanamh orthu. Mar sin féin, beidh éagsúlacht ag baint le próisis chinnteoireachta ag brath ar an gcinneadh a theastaíonn agus ar na cúinsí lena mbaineann. Anuas air sin, ní foláir meas a léiriú ar ról agus ar fhreagrachtaí

an Phríomhoide i gcomhréir le Ciorclán 16/73 ón Roinn Oideachais agus leis an reachtaíocht chúí. I gcásanna áirithe, glacfar cinntí go réasúnta uathoibríoch, go háirithe má bhíonn an cinneadh atá le déanamh á rialú de réir riail, beartas nó ciorclán bunaithe. I gcásanna eile, ní foláir cinntí a dhéanamh ar bhonn comhthola nó tar éis tabhairt faoi phróiseas comhairliúcháin. Féadfaidh gnás agus cleachtas tionchar a imirt ar an gcinnteoireacht chomh maith. Ar mhaithe le cinnteoireacht chomhoibríoch a chothú, ba cheart go mbeadh baill foirne toilteanach cur ar bhealach fiúntach leis an bplé, éisteacht le tuairimí daoine eile agus meas a léiriú orthu, solúbthacht a léiriú, teacht ar chomhréiteach más gá agus cloí le cinneadh an tromlaigh. Maidir le daoine a dhéanann cathaoirleacht ar chruinnithe foirne agus ar fhóiraim chinnteoireachta eile, ba cheart dóibh plé oscailte fiúntach a spreagadh ina léirítear meas.

Má táthar chun gnás a agairt, cuimhnigh ar an méid seo a leanas:

- Beifear ag súil le go mbeidh gach páirtí réalaíoch i dtaca le coinníollacha agus spriocanna a leagan síos taobh istigh de gach gnás féin.
- Moltar gan meascán gnásanna a chur i bhfeidhm ná a thionscnamh ag an am céanna.
- Tá rúndacht gach páirtí fóirtheachtach. Ba cheart do chách meas a léiriú ar an rúndacht agus cloí léi.

- **Beartas agus Gnás Scoile:** Tá na próisis a bhaineann le beartais agus gnásanna scoile a fhorbairt agus a chur in iúl an-tábhachtach má táthar le caidreamh dearfach a chothú i measc na foirne. Ba chóir beartais agus gnásanna a fhorbairt i gcomhairle leis an bhfoireann agus le daoine eile i bpobal na scoile. Ba chóir don fhoireann agus don Bhord Bainistíochta iad a chomhaontú agus a ghlacadh. Agus beartas comhaontaithe, is tábhachtach go ndéanfar é a chur in iúl agus a chur i bhfeidhm go cothrom comhsheasmhach ar bhealach oscailte follasach. Tá freagracht ar gach múinteoir i gcomhthéacs beartas scoile a chur i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh na baill foirne go léir ar an eolas faoi bheartais reatha ar fad na scoile agus teacht acu orthu. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar ghnásanna go rialta, nuair a eisíonn an Roinn Oideachais ciorcláin ábhartha san áireamh. Ba chóir seisiún faisnéise a thabhairt do bhaill úra foirne ar bheartais agus ar ghnásanna na scoile.
- **Réiteach Coinbhleachta:** Ba cheart cur chuige réamhghníomhach dearfach a úsáid sa réiteach coinbhleachta. Níl rud ar bith neamhghnách faoi choinbhleacht san ionad oibre agus is minic nach féidir í a sheachaint. Ba chóir dul i ngleic le coinbhleacht a luaithe agus is féidir. Mar shampla, is féidir cluas a thabhairt, foinse na coinbhleachta a aithint, iarracht a dhéanamh an t-achrann a mhaolú, socrúithe a mholadh, fáilte a chur roimh chomhréiteach, míthuiscintí a admháil, leithscéal a ghabháil, bogadh ar aghaidh. Más gá, is féidir na gnásanna atá leagtha amach sa cháipéis Working Together 2024 – Ag Obair le Chéile a agairt.

## Gnás chun dul i ngleic le deacrachtaí caidrimh foirne

### Réamhrá

Féadfaidh coinbhleacht teacht chun cinn in aon timpeallacht oibre. Is tábhachtach do na páirtithe, áfach, tabhairt faoin gcoinbhleacht sin a luaithe is féidir ar bhealach réamhghníomhach ionas nach dteipfead ar an gcaidreamh gairmiúil. Ní mór do gach ball foirne meas agus dínit a léiriú le go mbeidh dea-chaidreamh foirne ann. Moltar cumarsáid rialta oscailte a dhéanamh, arb é sin an dea-chleachtas. Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeadh baill foirne in ann a dtuairimí a chur in iúl agus a phlé agus, san am céanna, aitheantas a thabhairt d'oibleagáidí dlísteana an lucht bainistíochta cinní a dhéanamh. Ba chóir go mothódh baill foirne go n-éistear leo agus go léirítear meas orthu. Caithfead teacht ar chomhréiteach i ngach timpeallacht oibre agus beidh cásanna ann nach mbeidh gach duine ar aon intinn. Nuair a dhéantar cinní ar shlí atá soiléir, ba cheart go mbeifí in ann ceisteanna coinbhleachta a phlé ar bhealach gairmiúil agus meas a léiriú ann. Seo bunphrionsabal má tá dea-chaidreamh foirne le bheith ann. Tá sé de cheart ag gach ball foirne go léireofar dínit agus meas air. Tá ról lárnach ag na baill den fhoireann bainistíochta ionscoile maidir le cultúr agus éiteas scoile a fhorbairt agus le timpeallacht a spreagadh agus a chothú ina léirítear meas ar bhaill foirne agus ina gcaitear go cothrom leo.

### Réiteach luath

Molann an Bhainistíocht agus Cumann Múinteoirí Éireann do pháirtithe dul i mbun plé ag céim luath le teacht ar réiteach. Dá réir sin, is iad na daoine lena mbaineann an t-achrann féin is gá an chéad chéim a ghlacadh le deacrachtaí caidrimh foirne a réiteach. Sula leantar ar aghaidh leis an ngnás foirmiúil thíos, tá sé beartaithe go ndéanfaidh na páirtithe féin iarracht an cás a réiteach go neamhfhoirmiúil eatarthu féin ar dtús. Is ríthábhachtach go mbeidh plé agus cumarsáid éifeachtach, oscailte agus fiúntach ann le réiteach luath a fháil. Tá béim ar chur chuige mar sin i ngach cuid den phróiseas seo. Tá seans ann go mbeadh na páirtithe sásta glacadh le moladh go mbeadh comhghleacaí nó duine aontaithe eile páirteach sa chéim neamhfhoirmiúil le teacht ar réiteach. Aithnítear nach n-éiríonn leis an bplé neamhfhoirmiúil i gcónaí. Córas atá sa ghnás foirmiúil um chaidreamh foirne le cásanna mar sin a réiteach.

### Gnéithe riachtanacha den ghnás um chaidreamh foirne

- Próiseas céimnithe atá sa ghnás um chaidreamh foirne. Táthar ag súil go dtabharfar faoi gach céim den phróiseas sula mbogtar ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
- Tá an gnás um chaidreamh foirne agus an plé lena mbaineann rúnda do na páirtithe atá páirteach ann. Níor cheart iad a phlé le baill foirne eile nach páirtithe iad sa ghnás céanna.
- Má tharlaíonn nach ndéantar an cás a shocrú idir na daoine lena mbaineann, tá seans ann go mbeidh sé riachtanach an gnás a úsáid le dul chun cinn a dhéanamh. Níor chóir go mbeadh eolas ag an mBord Bainistíochta/ag an bhFostóir ar na ceisteanna seo roimh Chéim 4 ná aon phlé déanta acu orthu.
- Mar chuid den ghnás seo tá córas idirghabhála ann atá le húsáid i gCéim 3. Má bhítear le hidirghabháil a úsáid, caithfidh an Bord Bainistíochta/an fostóir comhaontú foirmiúil an Chomhlachta Bhainistíochta ábhartha agus Chumann Múinteoirí Éireann a lorg le hidirghabháil a cheadú mar chuid den ghnás seo sula gcuirtear tús leis an idirghabháil. Is é an fostóir/an Bord Bainistíochta a bheidh freagrach as aon chaiteachas arna thabhu as idirghabháil má dhéantar a leithéid gan cead a fháil roimh ré. **Féach an nóta a ghabhann le Céim 3, Idirghabháil, le tuilleadh eolais a fháil.**
- Má bhíonn aon pháirtí sa ghnás um chaidreamh foirne ar saoire, cuirfead an gnás siar go dtí go mbeidh an tsaoire sin thart, de ghnáth. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh eachtraí/cásanna ann ina mbeadh páirtí sa ghnás, atá ar saoire, ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis má bhíonn deimhniú leighis ag an té sin gur féidir é sin a dhéanamh. Tá sé seo ceadaithe faoi réir toilithe.
- Moltar do pháirtithe gan níos mó ná gnás amháin a chur ar bun san am céanna. Sula gcuirtear tús le haon cheann de na gnásanna atá sa doiciméad seo, moltar gur chóir do pháirtí amháin na ceisteanna is tábhachtaí a ainmniú agus an gnás is oiriúnaí don cheist a roghnú.
- Má bhíonn síneadh ama ann, ba chóir nóta scríofa a choinneáil de sin.
- Chun críocha an ghnáis seo, is éard atá i gceist nuair a luaitear laethanta ná laethanta oibre na scoile, is é sin an 182 lá i bhféilire na scoile. Ní áirítear tréimhsí saoire ná tréimhsí dúnta scoile mar laethanta scoile chun críche an nós imeachta seo.

## Eisiaimh

- Má thagann cás chun cinn ina gcreideann ball foirne go bhfuil bulaíocht agus/nó ciapadh á ndéanamh orthu ag ball foirne eile, ba cheart an gnás um Bulaíocht agus Ciapadh ar **leathanach 12** a úsáid.
- Is fearr an gnás um Chasaoid atá ar **leathanach 26** a úsáid chun dul i ngleic le gníomh nó neamhghníomh is sárú beartais nó cleachtais.
- Má thagann ceist chun cinn a bhaineann le hábhar atá clúdaithe de réir na reachtaíochta ábhartha (mar shampla, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta) dá dtagraítear sa Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, sa Chúirt Oibreachais nó in aon fhóraithe eile, ní úsáidfear an gnás seo.

## Céim 1: Cruinniú foirmiúil idir na Páirtithe

Má bhíonn fadhb ag múinteoir amháin/grúpa múinteoirí/an fhoireann ar fad maidir le caidreamh inmheánach oibre nó deacracht caidrimh foirne sa scoil, seo Céim 1 den ghnás foirmiúil le tabhairt faoin gceist.

Chun críocha an ghnáis seo, tabharfar Páirtí A ar an múinteoir/na múinteoirí a ardaíonn an cheist. Ba chóir do Pháirtí A an cheist a ardú le Páirtí B. Is é Páirtí B, chun críocha an ghnáis seo, an múinteoir/na múinteoirí (an Príomhoide san áireamh) arb é/i/iad foinse na deacrachta dar le Páirtí A.

Má bhíonn níos mó ná beirt mhúinteoirí ag iarraidh gnásanna foirmiúla a úsáid le ceisteanna a chur chun cinn, ba cheart dóibh beirt ar a mhéad a thoghadh/a ainmniú, as grúpa Pháirtí A, a dhéanfaidh ionadaíocht thar a gceann fad a mhairfidh an gnás. A oiread agus is féidir, moltar go láidir don bheirt mhúinteoirí céanna ionadaíocht a dhéanamh ar an bhfoireann ar gach céim as Céimeanna 1, 2 agus 4 nuair a thiocfaidh siad chun cinn. Ba chóir a leagan amach go soiléir ar Chéim 1 cé hiad na hainmnithigh a bheidh ag gníomhú thar a gceann. Páirtí A nó Páirtí B sa ghnás seo a bheidh sna hainmnithigh seo.

Ba cheart na céimeanna seo a leanas a ghlacadh le linn Chéim 1:

- Ba cheart do Pháirtí A na réimsí a bhfuil deacrachtaí caidrimh foirne iontu a ainmniú nó, más cuí, ina bhféadfaí an caidreamh a fheabhsú.
- Ba chóir do Pháirtí A nithe a phlé a luaithe agus is féidir go díreach le Páirtí B.

- Féadfaidh Páirtí A moltaí a dhéanamh faoin dóigh lena leithéid de cheisteanna a réiteach nó a fheabhsú, ar bhealach a bheadh idir réalaíoch agus réasúnta.
- Ba cheart do Pháirtí B gach iarracht a dhéanamh freagra a thabhairt ar bhealach cuiditheach ar na ceisteanna arna n-ardú ag Páirtí A.
- Is le Páirtí B an rogha maidir le freagra a thabhairt láithreach nó an t-am a ghlacadh le smaoinemh ar na ceisteanna sula mbíonn cruinniú eile ann le Páirtí A.
- Is faoin dá pháirtí féin atá sé ag an bpointe seo plé ar bhealach tairbheach lena chéile. Beifear ag súil go mbeidh an dá pháirtí sásta teacht ar réitigh agus, más oiriúnach, a seasamh féin a athrú ar mhaithe le cúrsaí a réiteach a luaithe agus is féidir.
- Is leis na páirtithe féin an rogha maidir le níos mó ná cruinniú amháin a bheith acu le hiarracht a dhéanamh cúrsaí a réiteach ag an gcéim seo.
- Ba cheart don dá pháirtí creataí ama réadúla a shocrú, 20 lá scoile ar a mhéad. Faoin am sin, ba cheart creat a shocrú le ceisteanna a réiteach.
- Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse 20 lá scoile, má dhéantar a leithéid a chomhaontú, le go mbeifear in ann tuilleadh cruinnithe agus plé fiúntach a dhéanamh. Ba cheart do na páirtithe nóta sonracha a bhreacadh de na scálaí ama nua arna socrú.
- Ba cheart an toradh ón bplé ag Céim 1 a bhreacadh ar an teimpléad don ráiteas faoin toradh agus a lua ann an bhfuiltear tar éis teacht ar réiteach ag Céim 1 (féach **Teimpléad 1A**).



**Tabhair do d'aire:** Má bhíonn an Príomhoide ina pháirtí sa ghnás ag Céim 1 agus mura dtagtar ar réiteach, ba cheart don Chathaoirleach tabhairt faoin bpróiseas ag Céim 2 le cúrsaí a réiteach. Is é ról an Chathaoirleach ag an gcéim seo réiteach a éascú agus a chothú agus **ní chun gníomhú mar chinnteoir**. Má bhíonn an Cathaoirleach páirteach ann, ní fhágann sé sin nach féidir leis/léi gníomhú mar chomhalta den Bhord i gCéim 4 má leanann an cás ar aghaidh.

## Céim 2: Ról an Phríomhoide/ an Chathaoirligh

Má tharlaíonn nárbh fhéidir cúrsaí a réiteach go díreach idir na páirtithe féin agus más rud é nach bhfuil an Príomhoide mar bhall de cheachtar den dá pháirtí, ba chóir don Phríomhoide plé leis an dá pháirtí mar seo a leanas:

- Ba chóir don dá pháirtí an Príomhoide a chur ar an eolas faoin bplé atá déanta acu ag Céim 1.
- Tá ról ag an bPríomhoide dea-chaidreamh oibre a chothú mar chuid den cheannaireacht éifeachtach agus
- Dá réir sin, ba cheart don Phríomhoide éisteach leis na páirtithe, iarracht a dhéanamh idirghabháil a dhéanamh agus an deacracht caidrimh foirne a réiteach.
- Ba chóir don Phríomhoide gníomhú ar bhealach cothrom neamhchlaonta. Féadfaidh an Príomhoide breithiúnas a thabhairt agus cinntí a dhéanamh má mheastar go mbeadh a leithéid riachtanach le cúrsaí a réiteach.
- Tá dualgas ar an dá pháirtí, á éascú ag an bPríomhoide, iarracht fhiúntach a dhéanamh le cúrsaí a réiteach. Beifear ag súil go mbeadh na páirtithe sásta teacht ar réitigh agus, más cuí, go ndéanfaidís athbhreithniú ar a seasamh féin le cúrsaí a réiteach a luaithe agus is féidir.
- Má mheasann an Príomhoide gur ciallmhar cuí a leithéid a dhéanamh, seans go dtógfar an cheist le linn cruinniú foirne agus go ndéanfar iarracht tús a chur le creat bunaithe ar phlé iomlán foirne d'fhonn cúrsaí a réiteach.
- Is leis na páirtithe féin an rogha maidir le níos mó ná cruinniú amháin a bheith acu le hiarracht a dhéanamh na ceisteanna a réiteach ag an gcéim seo.
- Tugtar 20 lá scoile le cúrsaí a réiteach ag Céim 2. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh na páirtithe na creatáí ama nár cheart síneadh ama a chur leo ach amháin má dhéantar a leithéid a chomhaontú.



**Tabhair do d'aire:** Má bhíonn an Príomhoide ina pháirtí sa ghnás seo, ba cheart an focal Cathaoirleach a chur in ionad an fhocail Príomhoide sna céimeanna atá leagtha amach ag Céim 2 thuas.



**Tabhair do d'aire:** Mura mbaintear réiteach amach ag Céim 1 nó Céim 2, féadfaidh na páirtithe dul ar aghaidh go Céim 3 nó go díreach chuig Céim 4.

- Ba chóir don Phríomhoide, i gcomhairle le Páirtí A agus Páirtí B, ráiteas faoin toradh a líonadh agus nóta a dhéanamh faoina bhfuiltear tar éis teacht ar réiteach ag Céim 2 (féach **Teimpléad 1B**).

## Céim 3: Idirghabháil

Sula ndéantar Idirghabháil Chéim 3 a shocrú agus/nó a thosú, ní foláir do Pháirtí A agus do Pháirtí B éirí cleachta a chur ar an mbuneolas seo a leanas faoin bpróiseas idirghabhála.

Próiseas deonach rúnda atá san idirghabháil chun díospóidí a réiteach ina dtoilíonn na páirtithe na fadhbanna sa díospóid a réiteach agus cúnaimh acu ó idirghabhálaí gan dul ar iontaoibh breithiúnas daoine eile. Is de chomhthoilíú a théitear i mbun na hidirghabhála, próiseas atá dírithe ar an réiteach. Na nithe ar fad a phléifear le linn an phróisis idirghabhála, beidh siad sin faoi rún ag na páirtithe sa phróiseas. Mar chuid d'idirghabháil, ní mór do na páirtithe dul isteach sa phróiseas ar bhonn leathanaigeanta agus iad toilteanach éisteach le gach dearcadh. Tá an próiseas deartha le cabhrú leis na páirtithe iarracht a dhéanamh i dtreo tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna lena mbaineann. Déanfar idirghabháil a thairiscint do gach duine ag Céim 3 má bhíonn gearán comhchoiteann á phlé, é sin d'ainneoin go mbeidh daoine faoi leith ainmnithe ag páirtí A/B le gníomhú thar a gceann sna céimeanna roimhe seo. Is iad na páirtithe féin a dhéanann an idirghabháil a threorú. Is é an ról atá ag an idirghabhálaí faofa éascaíocht a dhéanamh chun teacht ar réiteach le go mbeidh na páirtithe in ann a gcuid oibre a dhéanamh ar shlí ghairmiúil le chéile feasta.

Samplaí de chineálacha idirghabhála:

- Cumarsáid agus comhthuisceant a fheabhsú.
- Caidrimh a fheabhsú.
- Obair a dhéanamh le réitigh a fháil.
- Torthaí agus comhaontuithe dearfacha a fhiosrú.

Má bhíonn Páirtí A agus Páirtí B sásta dul i mbun idirghabhála, ní mór dóibh, ar dtús, teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta le hidirghabháil a lorg.

Caithfear tabhairt faoi na céimeanna seo a leanas le dul chun cinn a dhéanamh ar an idirghabháil:

- Ní mór don Chathaoirleach teagmháil a dhéanamh lena Chomhlacht Bainistíochta/Pátrún féin leis an iarratas seo.
- Ceanglaítear ar an gComhlacht Bainistíochta agus/nó ar an bPátrún ansin teagmháil a dhéanamh le Ardoifig Chumann Múinteoirí Éireann le hidirghabháil a chomhaontú toisc gur próiseas tabhaithe costas



atá san idirghabháil ina ndéantar na costais a roinnt idir an comhlacht bainistíochta agus Cumann Múinteoirí Éireann.

- Déanann Cumann Múinteoirí Éireann agus an comhlacht bainistíochta idirghabhálaí a chomhaontú, duine a roghnófar ó phainéal comhpháirteach atá ann idir Cumann Múinteoirí Éireann/an lucht bainistíochta go sonrach don chuspóir seo.

## Céimeanna i bpróiseas na hidirghabhála

A luaithe a bheidh idirghabhálaí socraithe agus sula gcuirtear tús le cruinniú idirghabhála, caithfidh Páirtí A agus Páirtí B a chur in iúl chomh maith go bhfuil siad toilteanach páirt chuiditheach a ghlacadh i bpróiseas na hidirghabhála.

Beidh ar Pháirtí A agus ar Pháirtí B an t-eolas cúlra seo a leanas a thabhairt a chuirfead faoi bhráid an idirghabhálaí agus ní faoi bhráid duine ar bith eile:

- Cuntas scríofa gearr ar na ceisteanna atá ann.
- Cuntas gairid scríofa ar na hiarrachtaí déanta go dtí seo le cúlraí a réiteach sa chéim neamhfhoirmiúil, Céim 1 agus/nó Céim 2 de réir mar is cuí, agus sonraí a thabhairt maidir le haon dul chun cinn, chomh maith le hachóimre ghinearálta ar amlíne na ndátaí.
- Liosta de na fadhbanna atá fós le réiteach agus na réitigh atá á lorg ag na páirtithe.

Déanfaidh idirghabhálaí iarracht na nithe seo a dhéanamh:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na doiciméid go léir a cuireadh faoina bhráid.



**Tabhair do d'aire:** Déanfaidh Cumann Múinteoirí Éireann agus an comhlacht bainistíochta ábhartha na costais as an idirghabháil a roinnt ar bhonn 50% an páirtí, fad is go bhfuarthas ceadú ón dá pháirtí roimh ré. Ní íocfaidh Cumann Múinteoirí Éireann agus/ná an t-údarás/comhlacht bainistíochta iomchuí costais an idirghabhálaí mura bhfaightear cead uathu roimh ré le dul i mbun idirghabhála. Féadfaidh an comhlacht bainistíochta iomchuí an rogha a dhéanamh 50% dá chostais a fháil ar ais ón mBord Bainistíochta iomchuí tar éis an bille deiridh a shocrú le Cumann Múinteoirí Éireann. Beidh ar an gcomhlacht bainistíochta/pátrún cuí é seo a shocrú i gcomhréir le struchtúir rialachais na heagraíochta sin.

- Socrú a dhéanamh bualadh leis na páirtithe agus le daoine eile a d'fhéadfadh cuidiú a thabhairt le teacht ar réiteach.
- Obair a dhéanamh i gcomhar leis na páirtithe le go mbeifear in ann caidreamh gairmiúil a chur agus a choinneáil ar bun eatarthu.
- Réiteach comhaontaithe a éascú.

Agus próiseas na hidirghabhála tugtha chun críche, cuirfidh an t-idirghabhálaí tuairisc ghearr chuig gach páirtí san idirghabháil ina luafar an toradh ó phróiseas na hidirghabhála agus aon socruithe ar thángthas orthu nó aon ní eile (féach **Teimpléad 1C**). Déanfar an ráiteas seo faoin toradh a eisiúint chuig Cumann Múinteoirí Éireann/chuig an gcomhlacht bainistíochta/chuig an bpátrún ós rud é go bhfuil Cumann Múinteoirí Éireann agus an comhlacht/pátrún bainistíochta cuí tar éis an t-idirghabhálaí a cheapadh. Mar sin, ní mór dóibh a chur in iúl do na páirtithe ar thángthas ar réiteach agus go bhfuil an próiseas curtha i gcrích. De ghnáth, ba cheart don idirghabhálaí iarracht a dhéanamh an obair a chur i gcrích taobh istigh de 20 lá scoile.

## Céim 4: An Bord Bainistíochta

Má tharlaíonn nárbh fhéidir réiteach a bhaint amach sna céimeanna roimhe, beidh deis ag ceachtar den dá pháirtí iarraidh ar an mBord Bainistíochta an cás a fhiosrú. Ba chóir an t-iarratas a dhéanamh i bhfoirm scríofa chuig Cathaoirleach an Bhoird.


Nuair a bheidh iarratas scríofa faighte ag Bord Bainistíochta chun tús a chur le próiseas réitigh i gcás deacracht caidrimh foirne, ba cheart leanúint ar aghaidh leis mar seo a leanas:

- Ba chóir do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta cruinniú den Bhord a thionól le plé a dhéanamh ar an iarratas atáthar i ndiaidh a fháil.
- Beidh an Bord in ann fiosruithe a dhéanamh maidir le cúlra na ndeacrachtaí, lena n-áirítear sonraí na dtorthaí ó chéimeanna roimhe seo.
- Féadfaidh an Bord aighneachtaí scríofa a iarraidh ar na páirtithe. Má fhaightear aighneachtaí scríofa, déanfar doiciméid an dá pháirtí a mhalartú ar a chéile. Beidh an dá pháirtí i dteideal a gcuid tuairimí ar na haighneachtaí a thabhairt ó bhéal le linn an chruinnithe leis an mBord.
- Féadfaidh an Bord an deis a thabhairt do na páirtithe a gcás a chur i láthair ó bhéal le linn cruinniú boird agus an dá pháirtí i láthair ann. Éileoidh an Cathaoirleach ar gach páirtí i láthair ar an gcruinniú na himeachtaí a chur i gcrích go sibhialta agus meas a léiriú ann.
- Tar éis don Bhord Bainistíochta éisteacht lena gcur i láthair ó bhéal, féadfaidh siad an Cathaoirleach a ainmniú le cruinniú a réachtáil leis na páirtithe arís,

páirtí ar pháirtí nó in éindí, más gá soiléiriú breise a fháil nó le réiteach a shocrú.

- Féadfaidh an Bord Bainistíochta roinnt cruinnithe a thionól d'fhonn teacht ar réiteach.
- Ba chóir don Bhord Bainistíochta gníomhú ar bhealach cothrom neamhchlaonta le réiteach a bhaint amach.
- Tá sé de cheart ag an mBord tátail a bhaint agus iarraidh ar na páirtithe réiteach a chomhaontú, réiteach a nglacfaidh na páirtithe páirt iomlán ann ar bhealach cuiditheach.
- I gcás ina dteipfidh ar na páirtithe teacht ar réiteach dá ndeoin féin, tar éis iarratas ón mBord Bainistíochta, tá an Bord féin i dteideal cinneadh a dhéanamh maidir le réiteach cuí. Féadfaidh an Bord, má mheastar gur gá a leithéid a dhéanamh, ordú a thabhairt do na páirtithe cloí leis an réiteach.
- Ba chóir don Bhord Bainistíochta an plé ar fad a chur i gcrích taobh istigh de 20 lá scoile ón uair a fhaightear an t-iarratas scríofa.
- Ba chóir don Bhord taifead a dhéanamh d'aon chinntí a dhéanfar agus an taifead a chur ar fáil do na páirtithe.
- Is leis an mBord Bainistíochta an rogha Cathaoirleach agus/nó ainmní de chuid an Bhoird Bainistíochta a ainmniú, seachas ball foirne, le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcás, dul i mbun plé leis na páirtithe agus teagmháil a dhéanamh leo taobh istigh de thrí mhí leis an réiteach a mheas. Féadfar síneadh trí mhí a chur leis an tréimhse le toiliú an dá pháirtí.

## Achoimre



# Teimpléad 1A

## Gnás maidir le caidreamh foirne: Toradh ó Chéim 1

Duine A:

---

Duine B:

---

Dáta an chruinnithe:

---

*Toradh an chruinnithe:*

Níor thángthas ar réiteach

Thángthas ar réiteach agus seo a leanas toradh comhaontaithe

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

*Is iad seo a leanas a shíneoidh an toradh:*

Ainm (Duine A):

---

Síniú:

---

Dáta:

---

Ainm (Duine B):

---

Síniú:

---

Dáta:

---

# Teimpléad 1B

## Gnás maidir le caidreamh foirne: Toradh ó Chéim 2

(Príomhoide/Cathaoirleach):

Duine A:

---

Duine B:

---

Dáta an chruinnithe nó na gcruinnithe leis na páirtithe:

---

Toradh an chruinnithe nó na gcruinnithe:

Níor thángthas ar réiteach

Thángthas ar réiteach agus seo a leanas an toradh comhaontaithe

---

---

---

---

---

---

---

Is iad seo a leanas a shíneoidh an toradh:

Ainm (Duine A):

---

Ainm (Duine B):

---

Síniú:

---

Síniú:

---

Dáta:

---

Dáta:

---

(Príomhoide/Cathaoirleach):

---

Síniú:

---

Dáta:

---

# Teimpléad 1C

## Comhaontú idirghabhála

Páirtithe:

Idirghabhálaí (ainmnithe):

Duine A (ainmnithe):

Duine B (ainmnithe):

Achoimre ar an méid a tharla:

Bhí cruinniú/plé ag an idirghabhálaí leis na páirtithe ar na dátaí atá luaite thíos:

Toradh na hidirghabhála:

Toradh an phróisis thuas ar tugadh faoi:

Níor thángthas ar chomhaontú

Thángthas ar chomhaontú agus seo a leanas an toradh comhaontaithe

Is iad seo a leanas a shíneoidh an Comhaontú:

Ainm (Duine A):

Ainm (Duine B):

Síniú:

Síniú:

Dáta:

Dáta:

# Gnás chun dul i ngleic le bulaíocht/ ciapadh i measc daoine fásta

Tá plé déanta idir Cumann Múinteoirí Éireann agus an Bhainistíocht i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar na gnásanna thuas. Mar thoradh ar an bplé sin, tá an bhainistíocht ag moladh do gach Bord Bainistíochta glacadh leis na gnásanna seo. Tá Cumann Múinteoirí Éireann agus na Comhlachtaí Bainistíochta ag iarraidh gach Bord Bainistíochta/ fostóir a chur ar an eolas go bhfuil dualgas ar gach fostóir, faoin doiciméad *An Cód Cleachtais d'Fhostóirí agus Fostaithe maidir le Bulaíocht san Ionad Oibre a Chosc agus a Réiteach*, 2021 – agus ionstraim reachtúil 674/2020 mar bhonn taca leis – gnás a chur i bhfeidhm le gearáin maidir le bulaíocht san ionad oibre a chosc agus a réiteach.

## Réamhrá

Bhí athbhreithniú déanta ar an ngnas seo i gcomhairle leis an *gCód Cleachtais le haghaidh Fostóirí agus Fostaithe maidir le Cosc agus Réiteach ar Bhulaíocht ag an Obair*, 2021, agus an *Cód Cleachtais maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair*, 2022. Dá réir sin, tá sé beartaithe na prionsabail agus na gnásanna ginearálta atá sna doiciméid sin a léiriú sa ghnás.

Tá Bulaíocht agus Ciapadh in ann lorg buan an-diúltach a fhágáil ar thimpeallacht oibre agus, dá bharr, bíonn beagachtach ar dhaoine, fadhbanna ann ó thaobh caidreamh foirne de, aga díomhaoin agus cailteanas táirgiúlachta. Uaireanta, bíonn buairt agus dochar suntasach ann do na páirtithe lena mbaineann. Ba chóir go mbeadh ráiteas soiléir i ngach beartas agus gnás nach bhfuil aon iompar den sórt seo inghlactha sa scoil.

Tá an tuairim chéanna ag Cumann Múinteoirí Éireann agus na Comhlachtaí Bainistíochta, is é sin nach bhfuil bulaíocht ná ciapadh inghlactha in aon áit oibre ná scoil. Níor cheart glacadh san áit oibre le haon chás ina mbaintear de dhínt an duine, ná le ciapadh, gnéaschiapadh san áireamh.

Cuirtear i gcuimhne d'fhostóirí chomh maith a n-oibleagáidí faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, dul i gcomhairle le fostaithe maidir le ceisteanna sláinte agus sábháilteachta agus ráiteas sábháilteachta a ullmhú do gach áit oibre. Ceanglas dlíthiúil atá ann ráiteas sábháilteachta a chur ar fáil. Ba chóir go mbeadh an ráiteas scríofa ar fáil chun críocha tagartha.

Maidir le haon pháirtí a bheadh ina fhinné ar iompar bulaíochta nó ciaptha nó iompar a bhaineann le heaspa dínite san áit oibre, beifear ag súil go gcuirfear an méid sin in iúl don fostóir go tráthúil agus/nó go gcuirfear in iúl go soiléir do pháirtí an chiona go bhfuil iompar mar sin do-ghlactha agus nach nglacfar leis. Tá oibleagáid ar gach ball foirne gach iarracht a dhéanamh le go mbeidh timpeallacht shlán shábháilte oibre ann ina léirítear meas ar dhaoine.

Má bhíonn cinneadh ann go raibh gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht ann, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbeadh gníomh araíonachta ann dá bharr. I gcás nach seastar le gearán faoi ghnéaschiapadh nó bulaíocht, ní dhéanfar aon ghníomh i gcoinne

an ghearánaigh fad is go ndearnadh an líomhain de mheon macánta.

Más rud é go ndearnadh an gearán go mailíseach, d'fhéadfaí a mheas gur mí-iompar é sin agus b'fhéidir go ndéanfaí nósanna imeachta araíonachta cuí a agairt.

## Béim ar an iompar a chosc

Moltar d'fhostóirí bearta réamhghníomhacha a dhéanamh le dea-chultúr a chothú san áit oibre, bunaithe ar an méid atá thuas. An bealach is fearr chun dul i ngleic leis an mbaol go mbeadh bulaíocht ann i dtimpeallacht na scoile ná an t-iompar féin a chosc. Samplaí den dea-chleachtas sa réimse seo: beartais frithbhulaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn go héifeachtach, oiliúint chúí faoi na beartais seo a chur ar bhail foirne, agus deimhin a dhéanamh de go léireofar meas agus cúram nuair a bheifear ag plé le gach gearán, é sin go hiomlán faoi rún, ar bhealach trédhearcach tráthúil i gcomhthéacs na bpáirtithe lena mbaineann. Más rud é nach gá na gnásanna thíos a úsáid, léiriú a bheidh sa mhéid sin gur éirigh leis na hiarrachtaí toisc go bhfuil bearta láidre coiscitheacha i bhfeidhm sa timpeallacht oibre.

Ba cheart don Bord Bainistíochta feachtas a chur chun cinn ar an mbeartas agus ar na gnásanna a bhaineann le bulaíocht agus ciapadh. Ba cheart iad siúd a scaipeadh ar gach ball foirne uair amháin ar a laghad i ngach bliain féilire agus/nó iad a chur mar mhír ar an gclár oibre le haghaidh cruinniú foirne lena lua. Ba chóir don Phríomhoide taifead a choinneáil go bhfuiltear tar éis an méid sin a dhéanamh.

Is féidir leas a bhaint as cumarsáid agus as plé ar an mbeartas mar bheart coiscitheach éifeachtach.

## Taifid a choinneáil

I gcúinsí ina ndéantar na gnásanna seo a agairt go foirmiúil, tá sé ríthábhachtach go gcoimeádfaidh gach páirtí taifid ar aon idirghabhálacha, fiosrúcháin nó cinntí foirmiúla agus go gcoinneofar taifid mar sin i gcomhréir le ceanglais maidir le Cosaint Sonraí agus ceanglais sa RGCS féin.

## Tacaíocht

Aithníonn gach páirtí gur cúis imní do dhaoine baint nó páirt a bheith acu le gnás bulaíochta nó ciaptha. Ina leith

seo, ba mhaith le Cumann Múinteoirí Éireann agus leis na Comhlachtaí Bainistíochta a chur i gcuimhne do gach páirtí sa ghnás seo gur seirbhís comhairle agus tacaíochta rúnda agus saor in aisce atá sa Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe d'fhonn tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe i dtréimhsí dúshlánacha.

Maidir le haon chomhairle/tacaíocht a fhaightear tríd an tseirbhís seo, ní dhéantar a leithéid a chomhroinnt ar aon tríú páirtí, an fostóir ná an ceardchumann san áireamh. Gheofar tuilleadh eolais ar an Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe ar [www.gov.ie/ga/seirbhís/bda9f6-none/](http://www.gov.ie/ga/seirbhís/bda9f6-none/)

Moltar chomh maith do mhúinteoirí tacaíocht agus comhairle a lorg ó Chumann Múinteoirí Éireann. Féadfaidh cathaoirleach agus ionadaithe teagmháil a dhéanamh lena n-údarás bainistíochta.

### Sainmhínte a úsáidtear sa ghnás seo

Is minic na téarmaí bulaíocht agus ciapadh a bheith á malartú ag páirtí. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara, áfach, gur dhá choincheap ar leith iad seo ó thaobh an dlí de. Mar sin, is féidir iompar a rangú mar bhulaíocht nó mar chiapadh, ach **ní an dá cheann acu**.

#### Bulaíocht aosach

Is é seo a leanas an sainmhíniú atá ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta sa *Chód Cleachtais maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh ag an Obair, 2021*, ar bhulaíocht san áit oibre:

*"Is éard is bulaíocht san ionad oibre ann ná iompar míchuí a dhéantar arís agus arís eile, go díreach nó go hindíreach, bíodh sé sin ó bhéal, go fisiceach nó ar bhealach eile, arna dhéanamh ag duine amháin nó níos mó i gcoinne duine eile nó daoine eile, san ionad oibre agus/nó le linn na fostaíochta, a d'fhéadfaí a mheas go réasúnach mar iompar a bhaineann an bonn de cheart duine chun dínite ag an obair." Ina dhiaidh sin, luaitear an méid seo: "Dá mbeadh aon chás amháin den iompar seo ann, d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar dhínit an duine san ionad oibre ach, dá mba eachtra aonuaire a bheadh ann, ní mheasfaí gur bulaíocht a bheadh ann."*

Tá tagairt sa sainmhíniú ar bhulaíocht do "iompar míchuí a dhéantar arís agus arís eile" agus cuirtear eachtraí aonuaire go sonrach as an áireamh ann.

Tugtar faoi deara nach ann d'aon cheanglas mar sin sa sainmhíniú ar chiapadh ná ar ghnéaschiapadh sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta.

Is iomaí cuma atá ar bhulaíocht i measc daoine fásta, na cinn seo ina measc:

- Imaglú nó ciapadh.

- Iompar bagrach.
- Drochíde ó bhéal/maslaí.
- Náiriú.
- Baint de dhuine.
- Ceannas nó mí-úsáid na cumhachta.
- Idirdhealú nó cóir is lú fabhar.
- Beag is fiú a dhéanamh de bharúil duine.
- Ráflaí mailíseacha, cúlchaint nó claontagairt a scaipeadh.
- Cur isteach – crá, spaireacht nó stalcaireacht.
- Monatóireacht iomarcach mhíreasúnta.
- Eolas a bheadh de dhíth ar dhuine lena phost a chomhlíonadh i gceart a choinneáil siar.
- Dualgais agus spriocanna oibre duine a athrú go mion minic.
- An locht a chur ar dhuine as rudaí nach bhfuil neart ag an duine sin orthu.
- Eisiámh nó leithlisiú agus droch-iarmhairtí dá bharr.
- Caint bhagrach nó caint gháirsiúil a úsáid.
- Iompar bagrach eile.

Is iad seo samplaí ginearálta den chineál iompair a bhíonn i gceist le bulaíocht i measc daoine fásta:

- Leanúnach agus/nó córasach.
- Gan iarraidh.
- Caolchúiseach.
- Neamhfhisiceach.

Agus an sainmhíniú ar bhulaíocht á mheas, is tábhachtach a lua **nach** samplaí de bhulaíocht iad seo:

- Éagsúlacht tuairimí a chur in iúl go láidir.
- Aiseolas, treoir nó comhairle chuiditheach a thabhairt maidir le hiompar a bhaineann leis an obair más iompar é sin nach bhfuil á iarraidh.
- Gnáthbhainistíocht feidhmíochta.
- Gníomh ceartaitheach réasúnta arna dhéanamh ag an bPríomhoide/fostóir, monatóireacht ar obair an mhúinteora san áireamh.
- Coinbhleacht san áit oibre nuair a bhíonn easaontú idir daoine nó nuair a thugann duine neamhaird ar thuairim duine eile.
- Caidreamh oiriúnach san áit oibre.
- Dá mbeadh aon chás amháin den iompar ann, d'fhéadfadh sé sin cur isteach ar dhínit an duine san ionad oibre ach, dá mba eachtra aonuaire a bheadh ann, ní mheasfaí gur bulaíocht a bheadh ann.

Ní liosta uileghabhálach é an liosta thuas.



Dá réir sin, is é tuairim Chumann Múinteoirí Éireann agus na gComhlachtaí Bainistíochta nach bulaíocht a bhíonn i gceist nuair a dhéantar feidhmeanna dlisteanacha bainistíochta a fheidhmiú ar bhealach cothrom réasúnta.

### Ciapadh

Sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, maidir le gnéaschiapadh agus ciapadh eile ar fhorais idirdhealaitheacha atá sainithe de réir dlí, foráiltear go bhfuil siad neamhdhleathach agus gurb ionann iad agus idirdhealú, ar shlí a bheadh contrártha leis na hAchtanna sin.

D'fhéadfadh fostóirí a bheith faoi dhliteanas chomh maith de réir na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, maidir le ciapadh a tharlódh le linn na fostaíochta, bíodh an fostóir ar an eolas faoi nó ceadú tugtha aige ina leith nó ná bíodh. Déantar foráil leis an reachtaíocht freisin, áfach, gur cosaint a bheidh ann d'fhostóir má bhítear in ann a léiriú go ndearnadh bearta measartha indéanta chun an ciapadh a chosc.

Is tábhachtach idirdhealú a dhéanamh idir ciapadh, gnéaschiapadh san áireamh, agus caidreamh sóisialta normálta san áit oibre a mbíonn iompar i gceist leis a mbíonn gach páirtí in ann glacadh leis.

### Ciapadh gnéasach

Is é an sainmhíniú a thugtar ar ghnéaschiapadh san Acht um Chomhionannas Fostaíochta ná aon iompar neamh-inmhianaithe de chineál gnéasach, bíodh sé sin iompar ó bhéal, iompar neamhbhriathartha nó iompar fisiciúil, iompar arb é is cuspóir nó éifeacht leis dínit duine a shárú agus cultúr bagrach, maslach, nó náireach a chruthú don duine. Tá sé neamhdhleathach plé le duine ar shlí a léiríonn níos lú fabhair ná mar a phléitear le duine eile ar bhonn gnéis i gcúrsaí a bhaineann leis an bhfostaíocht, bíodh sé sin san áit oibre nó in áit ar bith eile, le linn na fostaíochta. Má bhíonn gnéaschiapadh ann, déantar timpeallacht oibre mhíthaitneamhach bhagrach a chruthú, cuireann sé isteach ar shlándáil phoist agus baineann sé den chomhionannas san áit oibre. Cineál leithcheala atá ann. Ba chóir gach iarracht a dhéanamh deireadh a chur leis.

Samplaí de ghnéaschiapadh:

- Iompar fisiciúil de chineál gnéasach.
- Iompar briathartha de chineál gnéasach.
- Iompar neamhbhriathartha de chineál gnéasach, lena n-áirítear íomhánna atá maslach ar shlí ghnéasach a chomhroinnt nó bagairt go ndéanfar iad a chomhroinnt agus/nó na meáin shóisialta a úsáid ar shlí atá maslach ar shlí ghnéasach.

D'fhéadfadh idirdhealú teacht chun cinn chomh maith dá mbeifí ag caitheamh go héagsúil le duine le linn fhostaíocht an duine sin, mar thoradh ar an duine sin glacadh leis an ngnéaschiapadh nó diúltú dó.

Sa doiciméad *An Cód Cleachtais maidir le Gnéaschiapadh agus Ciapadh san Ionad Oibre, 2022*, luaitear nach mbaineann rún an té a dhéanann an gnéaschiapadh le hábhar. Mar sin, aithníonn Cumann Múinteoirí Éireann/Comhlachtaí Bainistíochta go bhfuil seans ann nach raibh sé beartaithe ag páirtithe atá faoi réir an ghnáis seo go n-imreodh a n-iompar an tionchar céanna agus a d'imir ar an íospartach líomhnaithe ach, mar sin féin, go bhféadfadh sé go mbeadh gnéaschiapadh i gceist i ndeireadh na dála.

### Ciapadh eile ar fhorais shonraithe leithchealacha

San Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998, maidir le ciapadh eile le linn na fostaíochta, bíodh sé sin san áit oibre nó áit eile, luaitear go bhféadfadh a leithéid a bheith ina shampla d'idirdhealú, ar shlí a bheadh contrártha leis an reachtaíocht, i gcúinsí mar seo:

- Nuair a bhíonn ciapadh ann mar gheall ar an stádas pósta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas nó cine atá ag fostaí, nó toisc gur den Lucht Siúil an fostaí, agus
- Nuair nach bhféadfaí le réasún a mheas gur ábhar coil, uirslithe nó imeaglaithe é an ciapadh don fostaí lena mbaineann.

Is éard a d'fhéadfadh a bheith i gceist le ciapadh aon ghníomh nó iompar eile, cuir i gcás briathra béil, gothaí nó táirgeadh, taispeáint nó scaipeadh focal scríofa, pictiúr nó ábhair eile.

D'fhéadfadh idirdhealú teacht chun cinn chomh maith dá mbeifí ag caitheamh go héagsúil le duine le linn cuid fostaíochta an duine sin, mar thoradh ar an duine sin glacadh leis an gciapadh nó diúltú dó.

## Gnás chun dul i ngleic le bulaíocht/ciapadh

Is iad seo a leanas céimeanna an ghnáis atá le glacadh ag múinteoir aonair chun tabhairt faoi ghearáin maidir le bulaíocht/ciapadh i gcás daoine fásta. Agus cinneadh á dhéanamh acu faoinar chóir an gnás seo a thionscnamh, ba chóir do mhúinteoirí comhairle a fháil.

Sa chomhthéacs seo, tá comhairle ar fáil uathu seo a leanas, de réir mar is cuí:

**Ardoifig Chumann Múinteoirí Éireann  
Ionadaí Áitiúil Chumann Múinteoirí Éireann ón  
Lárchoiste Feidhmiúcháin**

Anuas air sin, féadfaidh múinteoirí tacaíocht a lorg ar an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe.

Tá cathaoirligh agus comhaltaí de bhoird bhainistíochta in ann comhairle a iarraidh ar an gcomhlacht bainistíochta cuí dá scoil féin maidir leis an ngnás a chur i bhfeidhm. Seo thíos na páirtithe sa ghnás seo atá ar fáil chun tacaíocht a thabhairt i dtaca leis an méid atá thuas:

Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Foghlaim le Chéile, An Forás Pátrúnachta, Bord Bunoideachais na Moslamach agus Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta don Oideachas Speisialta.

### *Bunphrionsabail an ghnáis seo:*

- Caithfear le gearánach nó le gearánaigh go cothrom agus go tuisceanach, agus léireofar meas orthu.
- Aon daoine a bhfuil sé líomhnaithe ina gcoinne go bhfuil bulaíocht nó ciapadh déanta acu, caithfear leis na daoine sin go cothrom agus go tuisceanach, agus léireofar meas orthu.
- Dearbhaítear go mbeidh rúndacht ann i gcás na bpáirtithe ar fad.
- Maidir leis na páirtithe ar fad a bheidh páirteach sa phróiseas, ní imreofar leatrom orthu as bheith páirteach ann.
- Caithfear go cothrom le gach páirtí agus léireofar meas ar a gcearta aiceanta.
- Caithfidh Páirtí A eolas sonrath a thabhairt le go mbeidh deis ag Páirtí B freagra a thabhairt.

### *Líomhain maidir le Bulaíocht nó Ciapadh a shocrú go tráthúil*

Má bhíonn aon pháirtí a bhaineann leis an líomhain ar saoire, cuirfear an gnás siar go dtí go mbeidh an tsaoire sin thart, de ghnáth.

Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh eachtraí/cásanna ann ina mbeadh páirtí sa ghnás seo, atá ar saoire, ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis, agus deimhniú leighis ag an té sin gur féidir é sin a dhéanamh. Tá sé sin incheadaithe ag brath ar thoilíú a fháil, mar shampla i gcás saoire bhreiteachta/sos gairme.

Tá sé de dhualgas ar Pháirtí A an gearán a dhéanamh go tráthúil agus, go hiondúil, taobh istigh de 6 mhí ón gceist/ó na ceisteanna is cúis leis an ngearán. I gcúinsí eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama sé mhí, mar shampla, má bhíonn Páirtí A ar shaoire cheadaithe nó má bhíonn an scoil dúnta, srl.

Maidir leis an teorainn ama a luaitear thuas, ní chuireann an teorainn sin oibleagáid an fhostóra ar ceal dul i ngleic le

hiompar míchuí agus beart coisctheach a dhéanamh nuair a dhírítear aird an fhostóra ar chúiseanna imní.

## Céim 1: Cruinniú idir na páirtithe

- Ba cheart do Pháirtí A deis oiriúnach a shocrú chun bualadh le Páirtí B lena rá leis go bhfuil Céim 1 den ghnás seo á hagairt aige.
- Más gá, féadfaidh tríú páirtí an cruinniú seo a éascú. De ghnáth, comhghleacaí teagaisc diomaite d'aon chomhalta den Bhord Bainistíochta a bheidh ann.
- Le linn an chruinnithe seo, ba cheart do Pháirtí A cuntas a thabhairt ar an ngearán atá á dhéanamh maidir le bulaíocht agus ciapadh daoine fásta, cur i gcoinne na bulaíochta/an chiaptha líomhnaithe agus iarraidh go gcuirfí stop leis an iompar.
- Is tábhachtach go gcuimhneodh Páirtí A go bhfuil seans ann nach mbeadh Páirtí B ar an eolas go ndearnadh gearán faoina iompar.
- Féadfaidh Páirtí B freagra a thabhairt ar Pháirtí A ag an gcéad chruinniú nó, má iarrtar é, féadfar deireadh a chur leis an gcruinniú agus é a thosú arís am eile ina dhiaidh sin.
- Má easaontaíonn Páirtí B leis na ceisteanna go léir, nó cuid acu, arna lua ag Páirtí A, nó mura n-easaontaíonn, nó má fhéachann Páirtí B le ceisteanna eile a lua, ba cheart do Pháirtí B, cibé ar bith, iarracht a dhéanamh freagra a thabhairt ar bhealach chomh cuiditheach agus is féidir.
- Tá sé de dhualgas ar an dá pháirtí faoin am seo dul i mbun plé ar bhealach cuiditheach gairmiúil chun tabhairt faoi na ceisteanna atá tagtha aníos.
- D'fhéadfaí gníomhartha féideartha éagsúla a chur i bhfeidhm chun an cas a réiteach. Is gníomhartha samplacha iad na cinn seo a leanas (ní liosta cuimsitheach atá ann agus ní thugtar iad in aon ord tosaíochta):
  - Aitheantas arna thabhairt ag an dá pháirtí ar dhearcadh an pháirtí eile.
  - Comhaontú chun ábhar imní an pháirtí eile a chur san áireamh.
  - Comhaontú gach páirtí go mbeidh siad airdeallach maidir le bheith ag plé lena chéile ionas nach dtiocfaidh deacrachtaí chun cinn feasta.
  - Pleanáil a dhéanamh chun cásanna ina dtiocfadh coinbhleacht chun cinn a laghdú oiread is féidir.
  - Gealltanais an t-iompar féin a athrú nó a stopadh.
  - Leithscéal nó léiriú oiriúnach eile aiféala, go háirithe má tharlaíonn nach raibh páirtí amháin

de na páirtithe ar an eolas faoi thionchar an iompair.

- g. Comhaontú ón dá pháirtí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás tar éis tréimhse shonraithe.
  - h. Aon ghníomhartha eile de réir mar a bheadh oiriúnach.
- Ba cheart don dá pháirtí creataí ama réadúla a shocrú, 15 lá scoile ar a mhéad. Faoin am sin, ba cheart creat a shocrú le ceisteanna a réiteach.
  - Má aontaíonn na páirtithe féin lena dhéanamh, féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse 15 lá.

## Céim 2: Cruinniú le Príomhoide/Cathaoirleach a dhéanfaidh iarracht réiteach a éascú



**Tabhair do d'aire:** Mura mbíonn aon léiriú sásúil ann ar réiteach ag Céim 1, is féidir le Páirtí A an gearán a chur ar aghaidh chuig Céim 2. Mar chuid den chéim seo beidh idirghabháil ón bPríomhoide, nó Cathaoirleach, de réir mar is cuí.

Má bhíonn baint ag an bPríomhoide leis an gcás cheana féin mar Pháirtí A nó Páirtí B, glacfaidh an Cathaoirleach, i gcáil duine aonair, áit an Phríomhoide chun an Chéim seo a chur i gcrích. Ní fhágann an fhoráil seo nach féidir leis an gCathaoirleach páirt a ghlacadh ann i gcéim níos faide anonn sa ghnás seo.

Tá ról ag an bPríomhoide nó Cathaoirleach dea-chaidreamh oibre a chothú mar chuid den cheannaireacht éifeachtach. Ba chóir don Phríomhoide/Cathaoirleach, de réir mar a bheidh, gníomhú ar bhealach cóir neamhchlaonta. Féadfaidh an duine sin breithiúnas a thabhairt le go dtiocfar ar réiteach.

- Más mian le Páirtí A dul ar aghaidh go Céim 2, ba chóir don pháirtí sin an Príomhoide/an Cathaoirleach a chur ar an eolas go bhfuil plé déanta ag Céim 1 agus a fhógairt go bhfuil Céim 2 den ghnás seo á agairt acu.
- Ba chóir don Phríomhoide/Cathaoirleach Páirtí A a chur ar an eolas go mbeidh siad ag cur tús leis an bplé leis an dá pháirtí, páirtí ar pháirtí nó iad le chéile, agus go ndéanfar iarracht an gearán a réiteach.
- Tá an fhreagracht ar an dá pháirtí, iad á n-éascú ag an bPríomhoide/Cathaoirleach, plé cuiditheach a dhéanamh le teacht ar réiteach.

- Féadfaidh an Príomhoide/Cathaoirleach cruinniú amháin nó níos mó ná sin a thionól leis na páirtithe, páirtí ar pháirtí nó iad le chéile de réir mar is cuí, le hiarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach idir na páirtithe.
- Ní bheifí ag dúil le go mbeadh cara/comhghleacaí múinteoireachta in éineacht le Páirtí A ná Páirtí B don chéim seo.
- Maidir leis an réiteach a mholfaidh nó a éascóidh an Príomhoide/Cathaoirleach, seo samplaí den chineál réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann:
  - a. Aitheantas arna thabhairt ag an dá pháirtí ar dhearcadh an pháirtí eile.
  - b. Comhaontú chun ábhar imní an pháirtí eile a chur san áireamh.
  - c. Comhaontú gach páirtí go mbeidh siad airdeallach maidir le bheith ag plé lena chéile le nach dtiocfaidh deacrachtaí chun cinn feasta.
  - d. Pleanáil a dhéanamh chun cásanna ina mbeadh coimhlint i gceist a laghdú oiread is féidir.
  - e. Gealltanais an t-iompar féin a athrú nó a stopadh.
  - f. Leithscéal nó léiriú oiriúnach eile aiféala, go háirithe má tharlaíonn nach raibh páirtí amháin de na páirtithe ar an eolas faoi thionchar an iompair.
  - g. Comhaontú ón dá pháirtí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás tar éis tréimhse shonraithe.
  - h. Tairiscint idirghabhála ón bhfostóir ag brath ar thoil na bpáirtithe.
  - i. Aon ghníomhartha eile de réir mar a bheadh oiriúnach.

Ba chóir don Phríomhoide/Cathaoirleach an toradh ó Chéim 2 a thaifeadadh ar **Theimpléad 2A**.

- Cuirtear 15 lá scoile ar fáil le cúrsaí a réiteach ag Céim 2. Ba chóir do na páirtithe na tréimhsí ama a thabhairt dá n-aird. Níor chóir síneadh a chur leo ach amháin má bhíonn comhaontú ann é sin a dhéanamh.



**Tugtar faoi deara:** mura mbaintear réiteach amach ag Céim 1 nó Céim 2, is le Páirtí A an rogha maidir le dul ar aghaidh go Céim 3 nó go díreach chuig Céim 4. Is féidir an chuid is mó de chásanna a thabhairt chun críche anseo i gcomhar leis na páirtithe go léir.

## Céim 3: Idirghabháil

Sula ndéantar Idirghabháil Chéim 3 a shocrú agus/nó a thosú, ní foláir do Pháirtí A agus do Pháirtí B iad féin ar chur ar an eolas faoin mbuneolas seo a leanas faoin bpróiseas idirghabhála.

Próiseas deonach rúnda atá san idirghabháil chun díospóidí a réiteach ina dtoilíonn na páirtithe na fadhbanna sa díospóid a réiteach agus cúnamh acu ó idirghabhálaí gan dul ar iontaobh breithiúnas daoine eile. Is de chomhthoilíú a théitear i mbun na hidirghabhála, próiseas atá dírithe ar an réiteach. Na nithe ar fad a phléifear le linn an phróisis idirghabhála, beidh siad sin faoi rún ag na páirtithe sa próiseas. Mar chuid d'idirghabháil, ní mór do na páirtithe dul isteach sa próiseas ar bhonn leathanaigeanta agus iad toilteanach éisteacht le gach dearcadh. Tá an próiseas deartha le cabhrú leis na páirtithe iarracht a dhéanamh i dtreo tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna lena mbaineann. Is iad na páirtithe féin a dhéanann an idirghabháil a threorú. Is é an ról atá ag an idirghabhálaí faofa éascaíocht a dhéanamh chun teacht ar réiteach le go mbeidh na páirtithe in ann a gcuid oibre a dhéanamh ar shlí ghairmiúil le chéile feasta.

Samplaí de chineálacha idirghabhála:

- Cumarsáid agus comhthuiscint a fheabhsú.
- Caidrimh a fheabhsú.
- Obair a dhéanamh le réitigh a fháil.
- Torthaí agus comhaontuithe dearfacha a fhiosrú.

Má bhíonn Páirtí A agus Páirtí B sásta dul i mbun idirghabhála, ní mór dóibh, ar dtús, teagmháil a dhéanamh le Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta le hidirghabháil a lorg.

Caithfear tabhairt faoi na céimeanna seo a leanas le dul chun cinn a dhéanamh ar an idirghabháil:

- Ní mór don Chathaoirleach teagmháil a dhéanamh lena Chomhlacht Bainistíochta/Pátrún féin leis an iarratas seo.
- Ceanglaítear ar an gcomhlacht bainistíochta agus/nó ar an bpátrún ansin teagmháil a dhéanamh le Ardoifig Chumann Múinteoirí Éireann le hidirghabháil a chomhaontú toisc gur próiseas tabhaithe costas atá san idirghabháil ina ndéantar na costais a roinnt idir an Comhlacht Bainistíochta agus Cumann Múinteoirí Éireann.
- Déanann Cumann Múinteoirí Éireann agus an Comhlacht Bainistíochta idirghabhálaí a chomhaontú, duine a roghnófar ó phainéal comhpháirteach atá ann idir Cumann Múinteoirí Éireann/an Comhlacht Bainistíochta go sonrach don chuspóir seo.

## Céimeanna i bpróiseas na hidirghabhála

A luaithe a bheidh idirghabhálaí socraithe agus sula gcuirtear tús le cruinniú idirghabhála, caithfidh Páirtí A agus Páirtí B a chur in iúl chomh maith go bhfuil siad toilteanach páirt chuiditheach a ghlacadh i bpróiseas na hidirghabhála.

Beidh ar Pháirtí A agus ar Pháirtí B an t-eolas cúlra seo a leanas a thabhairt a chuirfear faoi bhráid an idirghabhálaí agus ní faoi bhráid duine ar bith eile:

- Cuntas scríofa gearr ar na ceisteanna atá ann.
- Cuntas gairid scríofa ar na hiarrachtaí déanta go dtí seo le cúrsaí a réiteach sa chéim neamhfhoirmiúil, Céim 1 agus/nó Céim 2 de réir mar is cuí, agus sonraí a thabhairt maidir le haon dul chun cinn, chomh maith le hachóimre ghinearálta ar amlíne na ndátaí.
- Liosta de na fadhbanna atá fós le réiteach agus na rúin atá á lorg ag na páirtithe.
- Cóip de thoradh an Phríomhoide.

Ó Chéim 2. Déanfaidh idirghabhálaí iarracht na nithe seo a dhéanamh:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na doiciméid go léir a cuireadh faoina bhráid.
- Socrú a dhéanamh bualadh leis na páirtithe agus le daoine eile a d'fhéadfadh cuidiú le teacht ar réiteach.
- Obair a dhéanamh i gcomhar leis na páirtithe le go mbeifear in ann caidreamh gairmiúil a chur agus a choinneáil ar bun eatarthu.
- Réiteach comhaontaithe a éascú.

Agus próiseas na hidirghabhála tugtha chun críche, cuirfidh an t-idirghabhálaí tuairisc ghearr chuig gach páirtí san idirghabháil ina luafar an toradh ó phróiseas na hidirghabhála agus aon socruithe ar thángthas orthu nó aon ní eile (féach **Teimpléad 2B**). Déanfar an ráiteas seo faoin toradh a eisiúint chuig Cumann Múinteoirí Éireann/chuig an gComhlacht Bainistíochta/chuig an bPátrún ós rud é go bhfuil Cumann Múinteoirí Éireann agus an Comhlacht Bainistíochta/Pátrún bainistíochta cuí tar éis an t-idirghabhálaí a cheapadh. Mar sin, ní mór dóibh a chur in iúl do na páirtithe ar thángthas ar réiteach agus go bhfuil an próiseas curtha i gcrích.

De ghnáth, ba cheart don idirghabhálaí iarracht a dhéanamh an obair a chur i gcrích taobh istigh de 20 lá scoile.

**Má éiríonn leis an idirghabháil, tabharfar an próiseas chun críche anseo.**

### Le cur san áireamh sula gcuirtear tús le Céim 4

Is é an dea-chleachtas atá ann gach modh neamhfhoirmiúil le teacht ar réiteach – mar atá leagtha amach thuas – a phlé agus, nuair is cuí, a thriail sula ndéantar próiseas foirmiúil a agairt. Níor cheart a mheas gur próiseas uathoibríoch é dul ar aghaidh go huathoibríoch chuig próiseas foirmiúil. Is tábhachtach a aithint gurb é seo cinneadh réasúnta fianaisebhunaithe na bainistíochta ag léibhéal na scoile (Príomhoide/Cathaoirleach, mar is cuí). I dtaca le gearán a ghéarú go próiseas foirmiúil, níor cheart é sin a dhéanamh ach amháin tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar gach gné de chúinsí na nithe a ndearnadh gearán fúthu. Is tábhachtach go mbeifear in ann próiseas cinnteoireachta réasúnta a léiriú. B'fhéidir go mbeadh a leithéid ag teastáil chun dualgas an fhostóra a chosaint níos faide anonn sa phróiseas. Mar sin, ba cheart don duine cuí atá ag gníomhú thar ceann an fhostóra taifead a choinneáil den mhéid sin. Mar chuid den phróiseas seo bíonn gearán foirmiúil agus fiosrúchán foirmiúil. Is é an cuspóir atá le fiosrúchán modh aimsithe fíoras a chur ar bun leis na fíricí agus creidiúnacht, nó a mhalairt, a chinneadh i dtaca le líomhaintí bulaíochta. Céim shuntasach atá ann agus ba chóir go mbeadh gach páirtí ar an eolas faoin méid a bhíonn i gceist. Go háirithe má bhíonn fiosrúchán ann, beidh sé níos deacra an caidreamh san áit oibre a thabhairt ar ais mar a bhí. Tá seans ann nach mbeadh na páirtithe sásta leis an toradh air. Bunaithe ar an toradh ó fhiosrúchán, b'fhéidir go gcuirfí tús le próiseas smachta i leith an duine a ndearnadh gearán faoi. Fiosrúchán chun teacht ar na fíricí a bheidh san fhiosrúchán féin, áfach, ina mbeifear ag díriú ar na nithe a thit amach nó nár thit. (Tagairt: an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, 2021, lch 18)

### Céim 4: Fiosrúchán

- 4.1. Má mheasann Páirtí A nach bhfuiltear tar éis an gearán atá déanta acu faoi Bhulaíocht agus Ciapadh a réiteach, féadfaidh siad an cás a chur faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta lena fhiosrú go foirmiúil. Ba chóir an chéim seo a thógáil taobh istigh de 15 lá scoile. Más rud é nach ndéanann an páirtí iarratas foirmiúil le go gcuirfead tús le fiosrúchán taobh istigh den tréimhse 15 lá, meastar ansin an cás a bheith tugtha chun críche.
- 4.2. Ba chóir an t-atreorú chun an Bhoird Bainistíochta a dhéanamh i bhfoirm scríofa. Síneofar é agus cuirfead an dáta air. Chomh maith leis an t-atreorú ba chóir an gearán scríofa maidir leis an mbulaíocht/ciapadh líomhnaithe a chur. Ba chóir an t-atreorú a chur chuig an gCathaoirleach mar chomhfhreagraí an Bhoird Bainistíochta.
- 4.3. Nuair a fhaightear t-atreorú dá leithéid, ba chóir cruinniú a bheith ag an mBord taobh istigh de 10 lá scoile chun plé a dhéanamh ar fhiosrúchán a chur ar bun.

Leanfaidh an Bord ar aghaidh mar seo ansin.

- a. Comhalta den Bhord Bainistíochta a ainmniú le fiosrúchán a dhéanamh, beirt ar a mhéad agus gan an Cathaoirleach a bheith mar dhuine acu, faoi réir na bprionsabal a bhaineann leis an gceartas aiceanta agus le gnásanna córa. Ba cheart don Bhord cuimhneamh go gcaithfeadh an comhalta/na comhaltaí ceaptha tarraingt siar ag Céim 5 ó aon chinneadh a dhéanfaidh an Bord ina dhiaidh sin ar an gceist seo, agus go dteastódh córam i gcás aon chinntí a bheadh le déanamh ag an mBord.

#### Nó

- b. Tríú páirtí neamhspleách arna cheapadh ag an mBord Bainistíochta. Is é an Bord Bainistíochta/ an fhostóir a íocfaidh as costas an fhiosrúcháin más gá tríú páirtí a earcú.

**I dtús an phróisis, agus sula ndéantar an fiosraitheoir/ na fiosraitheoirí a cheapadh, ba cheart dearbhuithe coinbhleachtaí leasa a iarraidh lena dheimhniú gur próiseas macánta a bheidh ann agus lena dheimhniú go mbeidh córam den Bhord ann i gCéim 5.**

**Moltar go láidir comhairle a iarraidh ar an gComhlacht Bainistíochta ábhartha de réir mar is cuí sa chéim seo.**

### Fiosrúchán

4.4. Leanfar ar aghaidh le próiseas an fhiosrúcháin mar seo a leanas:

- Déanfar creat ama a shocrú leis an dá pháirtí ón tús chun an próiseas a chur i gcrích.
- Cuirfear cóip den litir atreorúcháin agus den ghearán scríofa ar fáil don pháirtí a bhfuil an gearán déanta ina éadan.
- Déanfar socrú le go mbeifear in ann doiciméid a mhalartú idir na páirtithe.
- Beidh cruinniú ann le Páirtí A agus le haon fhinnéithe nó daoine ábhartha is mian le Páirtí A a bheith i láthair ann.
- Beidh cruinniú ann le Páirtí B agus le haon fhinnéithe nó daoine ábhartha is mian le Páirtí B a bheith i láthair ann.
- Cuirfear agallamh ar aon duine a bheadh in ann cuidiú leis an bhfiosrúchán, dar leo, agus cuirfear sonraí ó aon agallaimh dá leithéid do na páirtithe.
- Déanfar na cruinnithe ar fad leis na páirtithe a reáchtáil ar bhonn rúnda.
- Déanfar taifead achomair ar na cruinnithe a thabharfar do na páirtithe.
- Tabharfar deis do na páirtithe freagra scríofa a thabhairt ar an eolas a gheobhaidh siad.
- Déanfar réamhthuirisc a dhréachtú.
- A chinntiú go gcuirfear cóip den dréacht-tuirisc chuig na páirtithe lena dtuairimí a fháil maidir le haon mhíchruinneas fíorasach sula dtabharfar chun críche í.
- An ceart a thabhairt do Pháirtí A agus do Pháirtí B comhghleacaí oibre nó ionadaí cheardchumainn a thabhairt leo chuig cruinnithe an fhiosrúcháin, más sin is mian leo.

4.5. Nuair a bheidh an fhiosrúchán curtha i gcrích agus an fhianaise agus na haighneachtaí ar fad curtha san áireamh ann, déanfaidh an fiosraitheoir an tuairisc scríofa a thabhairt chun críche. Ní bheidh sa tuairisc scríofa ach cinntí fíorais ó thaobh an fhiosrúcháin de. Luafar na nithe seo a leanas sna cinntí fíorais seo:

- Sonraí gach gearáin agus an freagra ar an méid sin.
- Fíorais a thacaíonn leis an ngearán.
- Fíorais a dhéanann an gearán a bhréagnú.
- An réiteach arna mholadh nó na réitigh arna moladh ag Páirtí A agus ag Páirtí B.
- Ba cheart a shonrú sa tuairisc, bunaithe ar na fíricí arna ndéanamh amach san fhiosrúchán, arb é is dóichí

gur tharla an cineál/na cineálacha iompair faoina ndearnadh gearán.

Ina dhiaidh sin, déanfaidh an fiosraitheoir na nithe seo a leanas:

- A dtuirisc a chur ar fáil do Pháirtí A agus do Pháirtí B ag an am céanna agus iad a chur ar an eolas faoin bpróiseas achomhairc atá ann dóibh.
- Scríobh chuig an gCathaoirleach lena chur iniúl go bhfuil a n-imscrúdú curtha i gcrích agus a dtuirisc curtha ar fáil do Pháirtí A agus do Pháirtí B. Deimhniú a thabhairt go mbeidh an tuairisc ar fáil don Chathaoirleach agus don Bhord Bainistíochta agus an tréimhse atá socraithe le hachomharc a dhéanamh ar Chéim 4.6 caite.

4.6. I gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach i gCód an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (2021), agus sula gcuirtear tuairisc an fhiosrúcháin chuig an mBord Bainistíochta mar atá leagtha amach i gcéim 4.5, féadfaidh Páirtí A nó B, taobh istigh de 10 lá scoile tar éis dóibh an tuairisc deiridh a fháil, Teimpléad 2C a úsáid le hachomharc a chur isteach. Nuair a chuirtear Teimpléad 2C isteach, cuirfear tús le hachomharc páipéir ar phróiseas an achomhairc. Cuirfear san áireamh ann aon sárúithe maíte ann ó thaobh próisis de agus ní ar aon fhoras eile. Ba chóir díriú san achomharc ar iompar san fhiosrúchán ó thaobh próis chuí agus comhlíonadh gnáis de. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann achomharc agus éisteacht eile leis na fadhbanna tosaigh. Dá bhrí sin, ní phléifear san achomharc ó thaobh gnáis de ach leis na forais atá leagtha amach i dTeimpléad 2C. Ní bheifear ag plé le toradh an fhiosrúcháin. Ní mór don achomharc a bheith faighte ag an gCathaoirleach taobh istigh de 10 lá scoile ón uair a gheobhaidh Páirtí A/B an tuairisc. Féadfaidh an Cathaoirleach féin plé leis an achomharc nó duine ar an mBord Bainistíochta a ainmniú chun plé leis agus Teimpléad 2D a úsáid lena dhéanamh. Cuirfear toradh an achomhairc ar fáil do na páirtithe cuí taobh istigh de 10 lá scoile i ndiaidh cheapachán an ainmníthigh. San am céanna a gcuirtear cinneadh an achomhairc in iúl, ba cheart cóip de fhreagra an fhiosraitheora ar an achomharc a chur ar fáil don achomharcóir chomh maith ar mhaithe le trédhearacht. Cinneadh deiridh a bheidh i gcinneadh an achomhairc. Agus an t-achomharc seo á mheas, ba chóir a thabhairt faoi deara nach gcuireann sé sin an Cathaoirleach ná ainmní an Bhoird Bainistíochta as an áireamh ón bpróiseas cinnteoireachta ag Céim 5 ar an ábhar nach mbeidh tuairisc an fhiosraitheora faighte acu faoin am sin agus nach ndéanfar cinneadh bunaithe ar an méid a bheidh sa tuairisc sin.

4.7. Agus an tréimhse a thugtar le Céim 4.6 a chríochnú istigh, cuirfear cóip de tuairisc deiridh an fhiosrúcháin ar fáil don Bhord tar éis don Chathaoirleach cóip den tuairisc sin a iarraidh ar an bhFiosraitheoir. Tar éis tuairisc an fhiosrúcháin a fháil, déanfaidh an Bord Bainistíochta cruinniú a thionól leis na páirtithe, san am céanna le chéile, le freagra foirmiúil ar an tuairisc a iarraidh orthu. Féadfaidh an dá pháirtí cara nó ionadaí cheardchumainn a thabhairt leo go dtí an cruinniú, más mian leo, le cabhair a thabhairt agus nótaí a ghlacadh (beirt ar a mhéad). Agus cruinniú idir na páirtithe ar fad curtha i gcrích, beidh an chéim seo thart agus ba chóir don Bhord dul ar aghaidh chuig Céim 5, cinnteoireacht.

### Céim 5: An cinneadh i ndiaidh fiosrúcháin

Is faoin mBord Bainistíochta mar fhostóir atá sé cinneadh deiridh a dhéanamh i dtaca le seasamh leis an ngearán faoi bhulaíocht nó ciapadh, seasamh i bpáirt leis nó diúltú dó. Tá an Bord faoi cheangal ag na sainmhínte atá sa ghnás seo agus cinneadh á dhéanamh.

Ba chóir don Bhord Bainistíochta/an fhostóir a chinntiú go gcuirfear torthaí in iúl ar bhealach a bheidh tuisceanach agus cothrom. Tá sé de cheart ag Páirtí A agus ag Páirtí B an t-eolas a fháil faoina bhfuiltear ag seasamh leis an ngearán i bpáirt nó ina iomláine. Ba chóir go mbeadh an Bord Bainistíochta/an fhostóir in ann cúis nó cúiseanna a thabhairt as gan seasamh le gearán.

Má fhaightear amach go raibh baint ag duine le hiompar atá ag teacht le ceann de na sainmhínte a thugtar sa ghnás seo, ba cheart díriú ar iompar an chionta a admháil agus iarracht chuiditheach a dhéanamh le nach ndéanfar a leithéid arís.

Má sheastar leis an ngearán/leis na gearáin maidir le bulaíocht agus le ciapadh, is faoin mBord Bainistíochta atá sé tabhairt faoin gceist ar aon cheann nó ar gach ceann de na bealaí seo a leanas:

- Rabhadh soiléir a thabhairt nach bhfuil bulaíocht/ciapadh inghlactha san áit oibre.
- Moladh a thabhairt don pháirtí cuí a leithscéal a ghabháil, aiféala a chur in iúl nó dearbhú a thabhairt go gcuirfear deireadh leis an iompar bulaíochta nó ciaptha.
- Ordú a thabhairt go gcuirfear cineálacha inghlactha plé ar bun idir na páirtithe.
- Moladh a thabhairt gur chóir do na páirtithe cuí dul i mbun plé leis an tSeirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe.
- Aon bheart eile a ordú de réir mar a bheadh oiriúnach de réir chúinsí an cháis.


- B'fhéidir go ndéanfaidh an Bord cinneadh súil a choinneáil ar ghealltanais arna dtabhairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí ar dháta áirithe.
- Próiseas araíonachta, de réir Chiorclán 49/2018, faoin rannán de na gnásanna a bhaineann le cúrsaí oibre agus iompair.

### Achomhairc sheachtracha

#### Ról an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta

Tá seirbhís eolais ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta maidir le bulaíocht san áit oibre agus na cineálacha tacaíochta atá ann. Féadfaidh duine faisnéis a iarraidh ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nó gearán a dhéanamh leis an Údarás sin maidir le gearán atá déanta aige féin, nó gearán a rinneadh ina aghaidh, i gcomhthéacs na bulaíochta san áit oibre. Cuirfidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta tús lena chuid gnás féin i gcomhréir lena shainchúram reachtúil. Tá tuilleadh eolais ar shuíomh gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)

## Achoimre





# Teimpléad 2A

An toradh a thaifeadadh i gCéim 2 den Ghnás um Bulaíocht agus Ciapadh

Páirtithe:

Príomhoide/Cathaoirleach (ainmnithe):

---

Duine A (ainmnithe):

---

Duine B (ainmnithe):

---

Achoimre ar an méid a tharla:

Bhí cruinniú/plé leis na páirtithe ar na dátaí atá luaite thíos:

---

---

Luaigh Páirtí A gearáin a cuireadh in iúl do Pháirtí B:

Rinneadh réitigh a mholadh/a iarraidh:

Thángthas ar réiteach ag an gcéim seo agus tá an cás tugtha chun críche:

Aon bheart eile a theastaíonn:

---

---

---

Níor thángthas ar réiteach ag an gcéim seo:

Bearta a socraíodh, mar shampla, teastaíonn seiceáil eile, tuilleadh tacaíochtaí de dhíth ar cheachtar den dá pháirtí, srl.:

---

---

Is iad seo a leanas a shíneoidh an comhaontú:

Ainm (Duine A):

---

Síniú:

---

Dáta:

---

Ainm (Duine B):

---

Síniú:

---

Dáta:

---

## Teimpléad 2B

### Comhaontú idirghabhála

Páirtithe:

Idirghabhálaí (ainmnithe):

Duine A (ainmnithe):

Duine B (ainmnithe):

Achoimre ar an méid a tharla:

Bhí cruinniú/plé ag an idirghabhálaí leis na páirtithe ar na dátaí atá luaite thíos:

Toradh na hidirghabhála:

Toradh an phróisis thuas ar tugadh faoi:

Níor thángthas ar chomhaontú

Thángthas ar chomhaontú agus tugtar na torthaí comhaontaithe thíos

Is iad seo a leanas a shíneoidh an Comhaontú:

Ainm (Duine A):

Ainm (Duine B):

Síniú:

Síniú:

Dáta:

Dáta:

# Teimpléad 2C

## Achomharc i gcoinne phróiseas an imscrúdaithe

An tAchomharcóir:

Ainm:

\_\_\_\_\_

Duine A

Duine B

Fiosraitheoir/Fiosraitheoirí:

Ainmnitheach/ainmnithigh an Bhoird Bainistíochta:

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

NÓ tríú páirtí neamhspleách:

\_\_\_\_\_

Dáta Thuairisc an Fhiosrúcháin:

\_\_\_\_\_

Dáta a fuarthas:

\_\_\_\_\_

Forais le hachomharc:

(i) Níor cloíodh leis an amscála a socraíodh

\_\_\_\_\_

(ii) Níor tugadh cóipeanna de na cáipéisí ar fad a bhí á bplé

\_\_\_\_\_

(iii) Ní raibh cruinniú ag an bhfiosraitheoir/ag na fiosraitheoirí le Páirtí A/B

\_\_\_\_\_

(iv) Ní raibh aon deis ann ionadaíocht a fháil

\_\_\_\_\_

(v) Níor tugadh deis freagra a thabhairt ar thairseach achomair an fhiosraitheora/na bhfiosraitheoirí

\_\_\_\_\_

(vi) Níor cuireadh dréacht-tuairisc an fhiosraitheora/na bhfiosraitheoirí ar fáil le go mbeifí in ann plé a dhéanamh ar aon earráidí fíorasacha

\_\_\_\_\_

Deimhním leis seo go bhfuil an t-achomharc seo á chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta agam, nó faoi bhráid Comhalta ainmnithe den Bhord Bainistíochta, taobh istigh den tréimhse achomhairc 10 lá scoile. Tuigim gur toradh críochnaitheach é toradh an achomhairc seo.

Síniú:

\_\_\_\_\_

Dáta:

\_\_\_\_\_

# Teimpléad 2D

Fógra a thabhairt don fhiosraitheoir/do na fiosraitheoirí maidir leis an achomharc

A chara,

Is é is cuspóir don chomhfhreagras seo tú a chur ar an eolas faoi achomharc foirmiúil i gcoinne an phróisis fiosrúcháin ar thug tú faoi mar chuid d'fhiosrúchán foirmiúil de bhun an Ghnáis um Bulaíocht/Ciapadh atá leagtha amach sa doiciméad Working Together 2024-Ag Obair le Chéile.

Féach thíos na sonraí ábhartha.

Iarrtar ort freagra scríofa a thabhairt ar an achomharc foirmiúil seo faoin dáta seo:

Caithfear do fhreagra scríofa a chur chuig an seoladh seo a leanas, nóta air go bhfuil sé príobháideach agus faoi rún agus go bhfuil sé á chur faoi bhráid an duine/na ndaoine a shínigh an fógra seo: (Seoladh poist/riomhphoist de réir mar is cuí)

*Foras nó forais le hachomharc:*

Gheobhaidh tú leis seo cóip den achomharc foirmiúil atá curtha isteach ag an achomharcóir le go mbeidh tú in ann é a mheas agus freagra a thabhairt air.

Ba chóir a thabhairt do d'aire go dtabharfar cóip de do fhreagra don achomharcóir.

*An tAchomharcóir:*

Ainm:

Síniú:

Duine A

Duine B

Cathaoirleach

Ainmnitheach an Bhoird Bhainistíochta

Dáta:

## Gnás Casaoide

### Sainmhíniú agus forléargas

Chun críocha an nós imeachta seo, is é an sainmhíniú atá ar chasaoid ná gearán atá ag fostaí/fostaithe maidir le sárúithe ar rialacha, beartais, cleachtais agus gnásanna scoile, agus gníomhartha nó faillíochas an lucht bhainistíochta, má chuireann a leithéid isteach ar choinníollacha fostaíochta agus/nó ar ról agus/nó ar fhreagrachtaí an duine.

**Dá réir sin**, gnás aníos atá sa Ghnás Casaoide. Ní féidir é a úsáid i gcoinne múinteoir eile. Is féidir ceisteanna mar sin a shocrú trí na gnásanna eile atá leagtha amach sa doiciméad seo.

Is é is cuspóir don ghnás seo córas a thabhairt le casaoid nó le casaoidí a réiteach a bheadh ag Múinteoir nó Príomhoide i scoil náisiúnta i gcoinne duine nó ceann acu seo:

- An Príomhoide, i dtaca lena dhualgais agus freagrachtaí as eagrú, réachtáil agus gníomhaíochtaí laethúla na scoile,
- Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta ina cháil phearsanta, nó
- An Bord Bainistíochta/fostóir maidir le feidhmiú aon cheann dá chuid freagrachtaí as rialachas na scoile.

Chun críocha an ghnáis seo, tabharfar an gearánach ar an bpáirtí a thógann an chasaoid agus tabharfar an freagróir ar an bpáirtí a dtógtar an chasaoid ina choinne.

### Eisiaimh

Má dhéantar casaoid a bhaineann le hábhar atá clúdaithe de réir na reachtaíochta ábhartha (mar shampla, an tAcht um Chomhionannas Fostaíochta) a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, an Chúirt Oibreachais nó aon fhóraithe eile, ní úsáidfear an gnás seo. Dá ndéanfaí atreorú mar sin, cuirfí deireadh leis an ngnás casaoide. Maidir le casaoidí anaithnide agus casaoidí nach mbaineann le cúrsaí fostaíochta, ní phléitear lena leithéid faoin ngnás seo. Má bhíonn ceann de na gnásanna eile atá sa doiciméad seo ar bun, moltar go dtiocfadh deireadh go ginearálta leis an ngnás sin sula gcuirfí tús leis an ngnás maidir le casaoid.

Sula ndéantar an Gnás Casaoide a agairt go foirmiúil, ba cheart iarrachtaí a dhéanamh an chasaoid/na casaoidí a phlé agus a shocrú go neamhfhoirmiúil ar dtús, más cuí. Maidir le páirtithe atá bainteach le gnás casaoide, ní foláir dóibh plé go cuiditheach leis an ngnás agus páirt a ghlacadh ann d'fhonn coinbhleacht a réiteach gan mhoill.

### Brollach

Tá an gnás seo ag teacht leis na prionsabail atá leagtha amach in Ionstraim Reachtuil 146/2000 (An Cód Cleachtais maidir le Nósanna Imeachta Gearáin agus Araíonachta). Táthar tar éis an gnás seo a dhréachtú i gcomhréir le próis chúí agus gnásanna cothroma. Cloífead leis an staid reatha go dtí go ndéanfar an t-achrann a réiteach nó a shocrú. Cloífidh an gearánach lena chuid dualgas agus le treoracha dlísteanaigh an Phríomhoide nó an Bhoird Bainistíochta de réir mar is cuí.

- Sula gcuirtear tús leis an ngnás casaoide, ba cheart don ghearánach an chasaoid/na casaoidí faoi leith atá le socrú de réir an ghnáis a ainmniú chomh maith leis an tslí a ndeachthas i bhfeidhm ar an ngearánach féin mar gheall ar an mbeartas/gníomh/faillí. Cuirfead san áireamh an toradh/na torthaí féideartha a bheadh á lorg agus a bheadh indéanta.
- Ní foláir don ghearánach an freagróir a ainmniú.
- Má bhíonn níos mó ná casaoid amháin ann, de réir an ghnáis seo, is féidir casaoid amháin nó níos mó ná sin a réiteach ar cheann de na céimeanna luaithe agus aon chasaoid nó casaoidí eile gan réiteach a chur ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
- Is féidir comhairle a fháil ó Chumann Múinteoirí Éireann agus/nó ón gComhlacht Bainistíochta cuí chun cuidiú leat sa phróiseas seo, de réir mar is cuí.

## Gnéithe riachtanacha den Ghnás Casaoide

Ní chuirtear an Gnás i ngníomh ach amháin nuair a dhéantar an chasaoid a leagan amach i bhfoirm scríofa. Is féidir litir nó ríomhphost a úsáid mar mhodh inghlactha cumarsáide scríofa chun críocha an ghnáis. Próiseas faoi leith atá ann tús a chur le gnás foirmiúil casaoide atá éagsúil le haon phlé neamhfhoirmiúil arna dhéanamh ar cheisteanna mar atá leagtha amach sa réamhrá.

1. Próiseas céimnithe atá sa ghnás casaoide.
2. Casaoídí reatha ba chóir a bheith ann agus ba cheart iad a ardú go tráthúil.
3. Tá an gnás casaoide agus an plé lena mbaineann rúnda ag na páirtithe atá páirteach ann. Níor cheart iad a phlé le baill foirne eile nach páirtithe iad sa ghnás céanna.
4. Má bhíonn casaoid ag Príomhoide, beidh feidhm ag Céimeanna 2, 3 agus 4 den ghnás agus tabharfar an fógra scríofa chun an próiseas a thosú i gCéim 2.
5. Má bhíonn an chasaoid i gcoinne an Chathaoirligh ina aonar nó i gcoinne an Bhoird Bainistíochta féin, beidh feidhm ag Céim 2, Céim 3 agus Céim 4 den ghnás.
6. Mura mbíonn ann ach aon bhainisteoir amháin, seachas Bord Bainistíochta, ní bheidh feidhm ach ag Céim 1, Céim 2 agus Céim 4 (de réir mar is cuí). Sna cúinsí seo, cuirfidh an gearánach aighneacht scríofa isteach ag Céim 4. Beidh feidhm ag na gnáthnósanna imeachta a bhaineann leis an bpróis chuí maidir le malartú doiciméad agus an ceart chun freagra a thabhairt.
7. Féadfaidh ionadaí foirne Chumann Múinteoirí Éireann, ball de choiste craoibhe/dúiche/náisiúnta nó comhghleacaí múinteora teacht in éineacht le gearánach agus tacaíocht a thabhairt dó i gCéim 3 agus Céim 4. Níl aon fhoráil ann faoina rachadh lonadaí ón Lárchoiste Feidhmiúcháin nó Oifigeach ó Ardoifig Chumann Múinteoirí Éireann in éindí leis an ngearánach.
8. Má bhíonn casaoid ann i gcoinne Cathaoirligh ina cháil phearsanta, beidh an duine sin i dteideal duine eile a thabhairt leis i gCéim 3 agus 4, an duine sin á ainmniú ag an bPátrún.
9. Tugtar an Lámhleabhar Rialachais do Bhunscoileanna ar aird chomh maith, go háirithe i gcomhthéacs coinbhleacht leasa a nochtadh.
10. Is éard is lá scoile ann lá a bhfuil an scoil ag feidhmiú, is é sin lá atá mar chuid den scoilbhliain 182 lá. Ní áirítear tréimhsí saoire ná tréimhsí dúnta scoile mar laethanta scoile chun críche an nóis imeachta seo.
11. Má bhíonn aon pháirtí sa ghnás casaoide ar saoire, cuirfear an gnás siar go dtí go mbeidh an saoire sin thart, de ghnáth. Mar sin féin, b'fhéidir go mbeadh eachtraí/

cásanna ann ina mbeadh páirtí sa ghnás seo, atá ar saoire, ag iarraidh leanúint ar aghaidh leis, agus deimhniú leighis ag an té sin gur féidir é sin a dhéanamh. Tá sé sin incheadaithe ag brath ar thoilí a fháil, mar shampla i gcás saoire bhreiteachta/saoire mháithreachais.

12. Maidir le haon deacracht a bheidh ann mar gheall ar an ngnás seo a chur i bhfeidhm, cuirfear a leithéid ar aghaidh lena réiteach chuig na páirtithe sa chomhaontú seo, is iad sin Cumann Múinteoirí Éireann agus an gComhlacht Bainistíochta cuí.
13. Fóram inmheánach atá sa ghnás agus, dá réir sin, níl sé i gceist ag Comhlachtaí bainistíochta ná ag Cumann Múinteoirí Éireann go mbeadh ionadaíocht dhlíthiúil ann ag am ar bith. Níl aon pháirtí i dteideal taifeadh ná tras-scríbhinní a dhéanamh de na himeachtaí.

## Céim 1: An Príomhoide

- 1.1. Tabharfaidh an gearánach fógra scríofa don Phríomhoide go bhfuil an gnás casaoide á agairt. San fhógra seo, ba cheart an chasaoid/na casaoídí faoi leith atá le socrú de réir an ghnáis a lua i scríbhinn chomh maith leis an tslí a ndeachthas i bhfeidhm ar an ngearánach féin mar gheall ar an mbeartas/gníomh/faillí. Cuirfear san áireamh an toradh/na torthaí féideartha a bheadh á lorg agus a bheadh indéanta.
- 1.2. Déanfaidh an gearánach an chasaoid a phlé leis an bPríomhoide lena réiteach taobh istigh de dheich lá scoile tar éis an fógra scríofa a fháil.
- 1.3. Beidh sé de cheart ag na páirtithe cruinniú eile a bheith acu taobh istigh de chúig lá scoile eile d'fhonn an chasaoid a réiteach.
- 1.4. Beidh sé de cheart ag an ngearánach Céim 2 a agairt má imíonn 15 lá scoile gan an cheist nó na ceisteanna a réiteach.
- 1.5. Más mian leis an ngearánach dul ar aghaidh chuig Céim 2, ní mór dó fógra a thabhairt ina leith sin taobh istigh de 5 lá scoile.

## Céim 2: An Cathaoirleach

- 2.1. Cuirfidh an gearánach fógra scríofa chuig an bhfreagróir go bhfuil Céim 2 den gnás casaoide agartha acu taobh istigh den tréimhse cúig lá scoile atá luaite i gcéim 1.5.
- 2.2. Ba cheart don ghearánach fógra scríofa a thabhairt don Chathaoirleach san am céanna go bhfuil Céim 2 den ghnás casaoide á hagairt i gcoinne an fhreagróra atá luaite i gCéim 1. Ba cheart don ghearánach achoimre a thabhairt ar na casaoídí atá á lua ag Céim 2 mar aon leis an réiteach molta/na réitigh mholta atá á lorg.

- 2.3. Taobh istigh de chúig lá scoile ón bhfógra scríofa a luaitear i gCéim 2.2 a fháil, beidh cruinniú ag an ngearánach leis an gCathaoirleach chun an chasaid/na casaidí gan réiteach fós a phlé agus chun réiteach a lorg. Is é ról an Chathaoirligh ag an gcéim seo réiteach a éascú agus a chothú agus ní chun gníomhú mar chinnteoir. Má bhíonn an Cathaoirleach páirteach ann, ní fhágann sé sin nach féidir leis gníomhú mar chomhalta den Bhord i gCéim 3 má leanann an chasaid ar aghaidh.
- 2.4. Déanfaidh an Cathaoirleach na bearta is cuí leis chun an chasaid a réiteach, é sin taobh istigh de dheich lá scoile ón gcruinniú mar atá leagtha amach i gCéim 2.3. Glactar leis go rachaidh na páirtithe i mbun plé ag an gcéim seo agus go mbeidh cruinniú ag an gCathaoirleach leis na páirtithe páirtí ar pháirtí agus/nó iad le chéile uair amháin nó níos mó ná sin le réiteach a lorg a bheadh inghlactha ag an dá pháirtí.
- 2.5. Más rud é go bhfuiltear tar éis an gnás casaoide a thionscnamh i gcoinne an Chathaoirligh i gCéim 2, tabharfaidh duine arna ainmniú ag an bpátrún faoi chéimeanna 2.1-2.4 thuas a chur i gcrích.
- 2.6. Mura ndéantar an chasaid a réiteach taobh istigh de dheich lá scoile de réir mar atá sonraithe i gcéim 2.4, beidh sé de cheart ag an ngearánach bogadh go Céim 3 den ghnás casaoide taobh istigh de 10 lá scoile eile.

### Céim 3: An Bord Bainistíochta

- 3.1. Cuirfidh an gearánach in iúl do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, taobh istigh de 10 lá scoile tar éis Céim 2 a chur i gcrích ar Chéim 2.6, go bhfuil sé chun Céim 3 den ghnás casaoide a agairt. Tabharfaidh an gearánach aighneacht scríofa don Bhord Bainistíochta nó don Fhostóir agus sonraí ann maidir leis an gcasaid/na casaidí atá fós le réiteach, na hiarrachtaí a rinneadh chun an chasaid a réiteach i gCéim 1 agus Céim 2, agus an socrú atá á lorg. Cuirfear an aighneacht faoi bhráid an Chathaoirligh le go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta í a mheas.
- 3.2. Beidh feidhm ag na gnáthrialacha a bhaineann leis an bpróis chúí ó thaobh malartú doiciméad de. Dá réir sin, cuirfidh an Cathaoirleach cóip den aighneacht scríofa chuig an bhfreagróir a luaithe is féidir, taobh istigh de chúig lá scoile tar éis an aighneacht a fháil.
- 3.3. Más rud é gurb é an Príomhoide an freagróir, iarrfaidh an Cathaoirleach air freagra scríofa ar an aighneacht a ullmhú. Tabharfar aghaidh sa fhreagra scríofa ar na pointí a luadh in aighneacht an ghearánaigh/na ngearánach. Cuirfear an freagra ar fáil don ghearánach taobh istigh de 10 lá scoile ó dháta faighte na haighneachta scríofa ag Cathaoirleach an Bhoird.
- 3.4. Ar an dóigh chéanna, i gcás inarb é Cathaoirleach an Bhoird nó an Bord Bainistíochta féin an freagróir, beidh an gearánach i dteideal freagra scríofa a fháil ón gCathaoirleach nó ón mBord, de réir mar a bheidh. Cuirfear freagra den chineál seo ar fáil taobh istigh de 10 lá scoile.
- 3.5. Má tharlaíonn nach bhfaightear aon fhreagra ón bhfreagróir, ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil dualgas ar an gCathaoirleach leanúint ar aghaidh agus cruinniú den Bhord Bainistíochta a eagrú chun plé le casaid/casaidí an ghearánaí.
- 3.6. Cuirfear an dá aighneacht scríofa ar fáil do Chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta ag an am céanna sula mbíonn an cruinniú boird arna ghairm d'aon ghnó ann.
  - Iarrfaidh an Cathaoirleach ar an ngearánach freastal ar éisteacht an Bhoird a thionólfar taobh istigh de dheich lá scoile tar éis an freagra scríofa a fháil.
  - Tabharfar deis do gach páirtí sa chasaid le linn na héisteachta éisteacht duine le duine leis an méid atá le rá ag an bpáirtí eile, sonraí a shoiléiriú, ceisteanna a chur ar an bpáirtí eile agus/nó freagra a thabhairt ar cheisteanna.
- 3.7. I gcúinsí nuair is i gcoinne an Phríomhoide atá an chasaid –
  - a. Freastalóidh an Príomhoide ar éisteacht an Bhoird ina cháil phearsanta agus ní mar chomhalta den Bhord Bainistíochta.
  - b. Má bhíonn an chasaid á déanamh i gcoinne Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta, beidh an Cathaoirleach i láthair le linn éisteacht an bhoird ina cháil mar fhreagróir. Déanfaidh an Pátrún Cathaoirleach gníomhach a cheapadh le gnás na casaoide a chur i gcrích.
  - c. Ar a bharr sin, tarraingeoidh an Príomhoide nó an Cathaoirleach siar, de réir mar a bheidh, agus ní ghlacfaidh an duine sin aon pháirt i bplé agus i gcinnteoireacht an Bhoird ar an gceist.
- 3.8. I gcás inarb iomchuí, beidh na páirtithe i dteideal finnétithe a thabhairt isteach má mheasann an páirtí gurb ábhartha agus gur bainteach a bhfianaise siúd, má bhíonn na finnétithe sin sásta teacht thar a gceann. Tá na príonsabail chéanna den phróis chúí ag baint leis an éisteacht le finnétithe. Cuirfear freastal na bhfinnétithe in iúl don Bhord Bainistíochta roimh ré.

- 3.9. Má tharlaíonn gur casaid i gcoinne an Bhoird féin a bhíonn ann, éistfidh an Bord an chasaid mar atá leagtha amach thuas agus déanfar iarracht teacht ar idir-réiteach chun an cás a shocrú. Más rud é nach féidir teacht ar réiteach, féadfar an cás a chur ar aghaidh go Céim 4 i gcomhréir leis na forálacha i **mír 10** thíos.
- 3.10. Cuirfidh an Cathaoirleach an toradh **ó phlé an Bhoird Bainistíochta** in iúl i bhfoirm scríofa do na páirtithe taobh istigh de 5 lá scoile i ndiaidh na héisteachta atá sonraithe i gCéim 3.6 thuas.

### Céim 4: Binse neamhspleách

- 4.1. Mura mbítear toilteanach glacadh le toradh na héisteachta i gCéim 3, nó más rud é nár cloíodh leis an ngnás casaoide mar atá leagtha síos, lena n-áirítear:
- Mura n-éiríonn leis an mBord éisteacht a thionól taobh istigh den tréimhse atá sonraithe.
  - Má theipeann ar an gCathaoirleach toradh na héisteachta a chur in iúl taobh istigh den tréimhse atá sonraithe, beifear in ann Céim 4 den ghnás a agairt. Beidh sé de cheart ag ceachtar den dá pháirtí sa ghnás casaoide Céim 4 den ghnás a agairt
- 4.2. Má tharlaíonn gur mian le ceachtar den dá pháirtí dul ar aghaidh le hachomharc go Céim 4, tabharfaidh an páirtí sin fógra scríofa do Chathaoirleach an Bhoird Bainistíochta taobh istigh de dheich lá scoile tar éis an toradh scríofa ó Céim 3 a fháil (nó i ndeireadh na tréimhse a luaitear i **gCéim 3.5** mura n-éiríonn leis an mBord éisteacht a shocrú). Tabharfar “dáta an achomhairc” ar dháta an fhógra scríofa sin. Luafaidh an páirtí a bhfuil achomharc á dhéanamh aige an chúis/na cúiseanna leis an achomharc.
- 4.3. Nuair a fhaigheann Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta an fógra achomhairc, tabharfaidh sé fógra taobh istigh de chúig lá scoile don Chomhlacht Bainistíochta/Pátrún cuí (nó d’ionadaí ainmnithe de chuid an Phátrúin) agus d’Ard-Rúnaí Chumann Múinteoirí Éireann (nó d’ionadaí ainmnithe de chuid Chumann Múinteoirí Éireann) agus iarrfar ar na páirtithe sin na nithe seo a dhéanamh a luaithe is féidir:
- Duine comhaontaithe neamhspleách a roghnú ón bPainéal Eadrána chun gníomhú mar Chathaoirleach ar bhinse.
  - An dá pháirtí chun duine a cheapadh ón bPainéal Eadrána chun fónamh ar an mbinse, is é sin duine nach bhfuil bainteach leis an scoil.
  - Cruinniú den bhinse a reáchtáil a luaithe agus is féidir, tráth nach déanaí ná 20 lá scoile ó dháta an achomhairc.
- 4.4. Cuirfidh Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta na nithe seo a leanas ar fáil **do Chathaoirleach Neamhspleách comhaontaithe** an bhinse, sula mbíonn an chéad chruinniú ann:
- Achoimre agus amlíne ar Chéimeanna 1 – 3,
  - Agus:
    - Cóip d’fhógra an achomhairc,
    - Cóip den aighneacht,
    - Cóip d’aon fhreagra scríofa,
    - Aon doiciméid ábhartha eile.
- 4.5. Déanfaidh an binse éisteacht a shocrú do na páirtithe agus a dheimhniú go mbeidh gnáthrialacha na próise cuí agus gnásanna cothroma i bhfeidhm, lena n-áirítear:
- Go dtabharfaidh an binse fógra réasúnach faoin éisteacht do na páirtithe. Agus dáta na héisteachta á chur in iúl do na páirtithe lena mbaineann, ba cheart don bhinse iad a chur ar an eolas go bhféadfadh an binse dul ar aghaidh agus an cás a chinneadh má mheastar gur cuí é sin a dhéanamh mura bhfreastalaíonn na páirtithe ar an éisteacht gan chúis réasúnta ann.
  - Go dtabharfar seans do gach páirtí breathnú ar dhoiciméid ábhartha agus freagra a thabhairt orthu, lena n-áirítear an fógra achomhairc.
  - Go mbeidh fail ag na páirtithe, duine le duine go pearsanta, éisteacht leis an méid a bheidh le rá ag an duine eile agus an páirtí eile a cheistiú nó a fhreagairt trí Chathaoirleach an bhinse.
  - Go mbeidh finnétithe in ann freastal air le fianaise a thabhairt, de réir mar is cuí.
  - Go mbeidh an binse féin i dteideal ceisteanna a chur ar an dá pháirtí nó tuilleadh eolais a lorg.
  - Má chinneann an binse é, tabharfar deis don dá pháirtí eolas breise a thabhairt, de réir mar is iomchuí dar leo. Beidh sé soiléir go mbeidh teacht ag an bpáirtí eile ar an eolas céanna sin agus go mbeidh seans ann freagra a thabhairt ina leith. Tá sé d’údarás ag an mbinse fianaise a chur as an áireamh má mheastar nach bainteach ná ábhartha an fhianaise sin.
  - Más gá, déanfaidh an binse atráthanna a chomhaontú.
- 4.6. Caithfear leis an mbinse mar fhóram inmheánach agus, dá réir sin, níl sé i gceist ag na Comhlachtaí Bainistíochta ná ag Cumann Múinteoirí Éireann go mbeadh ionadaíocht dhlíthiúil ann le linn aon




éisteachtaí. Níl aon pháirtí i dteideal taifeadh leictreonach a dhéanamh de na himeachtaí.

- 4.7. Beidh sé d'údarás ag an mbinse an cás a idir-réiteach ar mhaithe le réiteach cairdiúil a bhaint amach.
- 4.8. Mura mbítear in ann réiteach mar sin a bhaint amach, déanfaidh an binse an cás a chinneadh de réir vóta aontola nó tromlaigh.
- 4.9. Déanfaidh Cathaoirleach an bhinse cinneadh an bhinse agus aon mholadh a chur in iúl do na páirtithe go léir i bhfoirm scríofa taobh istigh de 10 lá scoile tar éis na héisteachta. Cinneadh críochnaitheach a bheidh ann a bheidh ina cheangal ar gach páirtí.



**Tabhair do d'aire:** Maidir le haon chostais a bheadh i gceist le Céim 4, déanfaidh na páirtithe a ainmneoidh an binse iad siúd a chomhaontú, é sin ar an gcoinníoll go mbeadh cead faighte ina leith roimh ré ó Chumann Múinteoirí Éireann agus ón gComhlacht Bainistíochta/ón bPátrún iomchuí.

# Achoimre



# Teagmhálaithe Úsáideacha

## Cumann Múinteoirí Éireann - Ardoifig

Áras Vere Foster,  
35 Cearnóg Parnell,  
Baile Átha Cliath,  
D01 ET35.

Fón: 01 804 7700  
Ríomhphost: info@into.ie

## Bord Oideachais Eaglais na hÉireann

Teach Eaglais na hÉireann,  
Ascaill an Teampaill,  
Ráth Maonais,  
Baile Átha Cliath 6,  
D06 CF67.

Fón: +353 (0)1 4978 422  
Ríomhphost: enquiries@ireland.anglican.org

## Oideachas le Chéile

Teach an Chothromais,  
16/17 Cé Urumhan Uachtarach,  
Baile Átha Cliath,  
D07 H7DE.

Fón: +353 1 429 2500  
Ríomhphost: info@educatetogether.ie

## An Foras Pátrúnachta

Bloc K3,  
Campas Gnó Mhaigh Nuad,  
Co. Chill Dara,  
W23 XN75.

Fón: +353 (0)1 6294110  
Ríomhphost: eolas@foras.ie

## Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta don Oideachas Speisialta,

Carthanas Cláraithe, Uimh. 20053208,  
Ionad Oideachais Chill Dara,  
Bóthar na Mainistreach,  
Cill Dara,  
Co. Chill Dara,  
R51 KN66.

Fón: +353 (0)45 533753  
Ríomhphost: info@nabmse.ie

## Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha

An Teach Nua,  
Coláiste Naomh Pádraig,  
Maigh Nuad,  
Co. Chill Dara.

Fón: +353 (0)1 6292462  
Ríomhphost: info@cpsma.ie

## Bord Bunoideachais na Moslamach

Bord Bunoideachais na Moslamach,  
163 An Cuarbhóthar Theas,  
Baile Átha Cliath 8.

Ríomhphost: info@muslimeducation.ie  
Fón: +353 (0)87 3693270

## Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe / Spectrum.Life

Saorghlao: 1800 411 057

Seol 'Hi' chuig 087 145 2056 más teachtaireacht SMS atá ann agus 087 3690010 más WhatsApp atá ann

Logáil isteach ar láithreán gréasáin [Spectrum.Life](https://www.spectrum.life)

## An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Ionad Teagmhála FSS  
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta,  
The Metropolitan Building,  
Sráid James Joyce,  
Baile Átha Cliath 1.

Íosghlao: 0818 289 389  
Ríomhphost: contactus@hsa.ie

## An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre:  
Fón: 059 9178990  
Íosghlao: 0818 80 80 90

Foirm fiosraithe: [www.workplacerelations.ie/en/contact\\_us/](https://www.workplacerelations.ie/en/contact_us/)

